2024/2223

10.10.2024

RÚN (AE) 2024/2223 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 11 Aibreán 2024

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn I – Parlaimint na hEorpa

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn I – Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do Riail 100 agus Riail 104(3) agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0067/2024),

A. de bhrí gur thug oifigeach cuntasaíochta Pharlaimint na hEorpa ('an Pharlaimint') dearbhú réasúnach, ina dheimhniú ar na cuntais chríochnaitheacha, go léiríonn na cuntais go cothrom, i ngach gné ábhartha, an staid airgeadais, torthaí na n-oibríochtaí agus sreabhadh airgid na Parlaiminte;

B. de bhrí, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, gur seoladh 60 ceist chuig riarachán na Parlaiminte, agus go bhfuair an Coiste um Rialú Buiséadach de chuid Parlaimint na hEorpa freagraí i scríbhinn, agus gur phléigh sé go poiblí iad, an 4 Nollaig 2023, i láthair an Ard-Rúnaí, stiúrthóir an Údaráis um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha ('an tÚdarás') agus an Iniúchóra Inmheánaigh;

C. de bhrí go bhfuil deis ann i gcónaí feabhas a chur ar cháilíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht mar aon le trédhearcacht i mbainistiú an airgeadais phoiblí; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach grinnscrúdú críochnúil a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar ceannaireacht pholaitiúil agus riarachán na Parlaiminte chun cuntais do shaoránaigh an Aontais; de bhrí go bhfuil sláine na Parlaiminte ríthábhachtach d'fheidhmiú dhaonlathas na hEorpa agus go méadaíonn sí muinín na saoránach as institiúidí Eorpacha;

D. de bhrí gur sárú tromchúiseach ar luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe iad trasnaíocht eachtrach, ionramháil eachtrach ar fhaisnéis agus bréagaisnéis; de bhrí go ndearna Coiste Speisialta na Parlaiminte um an trasnaíocht eachtrach ar na próisis dhaonlathacha uile san Aontas, lena n-áirítear bréagaisnéis (INGE), a cruthaíodh i mí an Mheithimh 2022, iarrachtaí agus oibríochtaí tríú tíortha a nochtadh go mion chun insíothlú, tionchar a imirt agus cur isteach ar dhaonlathais Eorpacha agus ar institiúidí an Aontais;

E. de bhrí go líomhnaítear gur íocadh le Feisirí chun bolscaireacht na Rúise a chur chun cinn;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais na Parlaiminte

1. ag tabhairt dá haire gurbh ionann leithreasuithe críochnaitheacha na Parlaiminte do 2022 agus EUR 2 161 mhilliún, nó 19,55 % de Cheannteideal 7 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil ([1]) a cuireadh i leataobh do chaiteachas riaracháin 2022 institiúidí an Aontais ina n-iomláine, arb ionann é agus méadú 4,76 % i gcomparáid le buiséad 2021 (EUR 2 064 mhilliún);

2. ag tabhairt dá haire gur EUR 250 473 772 a bhí san ioncam iomlán a iontráladh sna cuntais amhail ón 31 Nollaig 2022 (i gcomparáid le EUR 215 332 108 in 2021); ag tabhairt dá haire gurbh ionann ioncam sannta a cuireadh ar fáil in 2022 agus EUR 61 267 620 (i gcomparáid le EUR 37 150 962 in 2021);

3. ag cur béim ar an bhfíoras gurbh ionann cúig chaibidil agus 76,5 % de na gealltanais iomlána: Caibidil 10 'Comhaltaí na hinstitiúide'; Caibidil 12 'Oifigigh agus foireann shealadach'; Caibidil 14 'Foireann eile agus seirbhísí seachtracha'; Caibidil 20 'Foirgnimh agus costais ghaolmhara'; agus Caibidil 42 'Caiteachas a bhaineann le cúnamh parlaiminteach';

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

4. ag tabhairt dá haire gur dúnadh cuntais na Parlaiminte don bhliain airgeadais 2022 ar bhonn na bhfigiúirí seo a leanas:

(a)	**Leithreasuithe atá ar fáil (EUR)**	
	leithreasuithe le haghaidh 2022:	2 161 651 286,00
	leithreasuithe arna dtabhairt anonn go neamh-uathoibríoch ón mbliain airgeadais 2021:	22 007 230,00
	leithreasuithe arna dtabhairt anonn go huathoibríoch ón mbliain airgeadais 2021:	380 099 194,75
	leithreasuithe a chomhfhreagraíonn don ioncam sannta le haghaidh 2022:	61 267 620,37
	leithreasuithe arna dtabhairt anonn a chomhfhreagraíonn don ioncam sannta ó 2021:	39 603 266,73
	Iomlán:	2 664 628 597,85
(b)	**Úsáid na leithreasuithe sa bhliain airgeadais 2022 (EUR)**	
	gealltanais:	2 607 456 700,15
	íocaíochtaí a rinneadh:	2 186 635 235,75
	leithreasuithe arna dtabhairt anonn go huathoibríoch, lena n-áirítear iad siúd a thagann as ioncam sannta:	428 826 276,81
	leithreasuithe arna dtabhairt anonn go neamh-uathoibríoch:	0
	leithreasuithe a cuireadh ar ceal:	49 167 085,50
(c)	**Fáltais bhuiséadacha (EUR)**	
	faighte in 2022:	250 473 772,00
(d)	**Clár comhardaithe iomlán amhail an 31 Nollaig 2022 (EUR)**	1 735 834 446,00

5. ag tabhairt dá haire gur fhormheas an Coiste um Buiséid (Aistrithe C) de chuid na Parlaiminte 21 aistriú, i gcomhréir le hAirteagail 31 agus 49 den Rialachán Airgeadais, sa bhliain airgeadais 2022, arbh ionann iad agus EUR 88 449 115 nó 4,09 % de na leithreasuithe deiridh; ag tabhairt dá haire gur údaraigh an tUachtarán 11 aistriú ('Aistrithe P') arb ionann iad agus EUR 34 246 879 nó 1,6 % de bhuiséad 2022; ag fiosrú cé na línte buiséid a tharla na h-aistrithe P sin eatarthu; á iarraidh ar an Uachtaránacht an Coiste um Rialú Buiséadach a chur ar an eolas go réamhghníomhach faoi na méideanna agus na línte buiséid lena mbaineann;

6. ag tabhairt dá haire go meastar gur gineadh barrachas measartha EUR 16 417 325 mar gheall ar phaindéim COVID-19, a aistríodh as míreanna amhail iad siúd a bhaineann le speansais taistil, eagrú agus fáiltiú grúpaí cuairteoirí, oibriú ionaid cuairteoirí na Parlaiminte, oiliúint sheachtrach i bpearsa, doiciméadacht/foilseacháin agus cúntóirí parlaiminteacha áitiúla agus oiliúnaithe do na Feisirí; á thabhairt faoi deara gur ghá, ag an am céanna, línte buiséid eile a threisiú le EUR 7 549 000 san iomlán mar gheall ar phaindéim COVID-19; á thabhairt chun suntais go mbaineann na línte sin den chuid is mó le tacaíocht airgeadais a sholáthar don fhoireann atá ag obair sa bhaile, leis an tsláinte agus leis an gcosc, agus le caiteachas breise ar ateangaireacht chun tacú leis an teilea-obair agus le cianchruinnithe ilteangacha agus cruinnithe hibrideacha ilteangacha;

7. ag tabhairt dá haire gur bliain aistrithe a bhí in 2022 d'institiúidí an Aontais, lena n-áirítear an Pharlaimint; ag tabhairt dá haire gur cuireadh deireadh faoi mhí an Mheithimh 2022 leis na bearta a tugadh isteach mar thoradh ar phaindéim COVID-19; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na nArd-Stiúrthóireachtaí uile agus an Ardrúnaí na huirlisí is gá a chur i bhfeidhm chun obair pharlaiminteach a atosú ionas go bhfeidhmeoidh sí ar an mbealach céanna agus a d'fheidhmigh sí roimh phaindéim COVID-19; á chur in iúl gur geal léi atosú rathúil na seisiún iomlánach ar an láthair amhail ó mhí an Mhárta 2022; ag tabhairt le fios gur lean sé sin tréimhse dhá bhliain ar lena linn nár mhór níos mó ná 12 000 oibríocht vótála a dhéanamh go cianda thar 175 sheisiún vótála ar a laghad, agus é scaipthe thar 30 páirtseisiún;

8. ag tabhairt dá haire go raibh tionchar mór ar an mbliain airgeadais 2022 ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ag leibhéal ard eisceachtúil an bhoilscithe, a bhí fós cothrom le 10,4 % don Aontas ar bhonn bliantúil faoi dheireadh na bliana 2022; á aithint go bhfuil iarrachtaí suntasacha déanta ag riarachán na Parlaiminte maidir le cur chun feidhme an bhuiséid d'fhonn freastal ar riachtanais phráinneacha a eascraíonn as an ngéarchéim; á chur in iúl gur geal léi na tabhartais de threalamh teicniúil ón bParlaimint chun tacú leis an Úcráin le linn tréimhsí deacra cogaidh;

Tuairimí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le hiontaofacht chuntais 2022 agus maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin

9. á mheabhrú go ndéanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ('an Chúirt') measúnú sonrach ar chaiteachas riaracháin agus caiteachas eile mar ghrúpa aonair beartas d'institiúidí uile an Aontais; á thabhairt chun suntais go gcuimsíonn caiteachas riaracháin caiteachas ar acmhainní daonna lena n-áirítear pinsin, arbh ionann é agus thart ar 70 % den chaiteachas riaracháin iomlán in 2022, agus ar fhoirgnimh, trealamh, fuinneamh, cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise; á thabhairt chun suntais go léiríonn obair na Cúirte le blianta fada go bhfuil riosca íseal ag baint leis an gcaiteachas sin ar an iomlán;

10. ag tabhairt dá haire gurb ionann Ceannteideal 7 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 'Riarachán poiblí Eorpach' agus EUR 11,6 billiún nó 5,9 % de bhuiséad an Aontais in 2022, arb ionann an Pharlaimint agus EUR 2,2 billiún nó 18,9 % de; á chur in iúl gur geal léi gur chinn an Chúirt nach raibh an leibhéal earráide sa chaiteachas ar 'riarachán poiblí Eorpach' ábhartha; á iarraidh ar an bParlaimint a sheiceáil cé hiad na cineálacha idirbheart a raibh sciar ard earráidí acu agus iad a shainaithint, cé go bhfuil siad faoi bhun na tairsí ábharthachta agus iniúchadh a dhéanamh ar na hathruithe ar an nós imeachta is gá chun earráidí comhchosúla a sheachaint agus a bhrath amach anseo;

11. ag tabhairt dá haire go gcuirtear i láthair sa tuarascáil bhliantúil ón gCúirt maidir le cur chun feidhme an bhuiséid a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2022 torthaí sonracha maidir leis an bParlaimint; ag tabhairt dá haire an moladh ón gCúirt go neartódh riarachán na Parlaiminte a treoir maidir le cur chun feidhme leithreasuithe buiséid ag na grúpaí polaitiúla agus go leanfadh sí de bheith ag obair chun na rialacha inmheánacha a fheabhsú agus comhlíonadh rialacha agus nósanna imeachta soláthair a áirithiú;

12. ag tabhairt dá haire gur roghnaigh an Chúirt sampla de 13 idirbheart don Pharlaimint, agus gur aimsigh siad earráidí inchainníochtaithe i dtrí cinn díobh; ag tabhairt dá haire go raibh an soláthar ar cheann de na saincheisteanna a d'ardaigh an Chúirt; á thabhairt chun suntais gur ardaíodh an cineál sin toraidh roimhe sin freisin;

13. ag cur sonrú i mbarúlacha na Cúirte maidir le rialacha inmheánacha na Parlaiminte; á mheabhrú go mbainistíonn na grúpaí polaitiúla na cistí a leithdháiltear orthu i gcomhréir le prionsabail bhainistiú indíreach cistí i gcur i bhfeidhm analachúil Airteagal 62(1)(c) den Rialachán Airgeadais; á mheas go dtagann na rialacha sin féin in ionad na 'gcomhaontuithe ranníocaíochta' (dá dtagraítear in Airteagal 155(6) den Rialachán Airgeadais);

14. á mheabhrú, de réir rialacha inmheánacha na Parlaiminte, go bhfuil na grúpaí polaitiúla freagrach don institiúid as bainistiú leithreasuithe, laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí arna dtabhairt dóibh ag an mBiúró; ag tabhairt dá haire go bhfuil na leithreasuithe le bainistiú i gcomhréir leis na rialacha sin agus gur cheart gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun aon neamhchomhlíonadh a chosc;

15. Faigheann na grúpaí polaitiúla cúnamh agus comhairle ón bParlaimint arna iarraidh sin dóibh; ag tabhairt dá haire gur threisigh ranna airgeadais na ngrúpaí polaitiúla a sínithe le toscaireachtaí náisiúnta in 2022 chun bainistiú fónta na leithreasuithe i líne 400 a áirithiú;

16. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an riaracháin an treoir do ghrúpaí polaitiúla maidir le cur chun feidhme cuí rialacha inmheánacha na Parlaiminte a mhéadú agus cabhrú leo agus é d'aidhm leis sin a mbainistíocht airgeadais inmheánach a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi go ndéanfaidh sé sin soiléiriú breise ar na treoirlínte maidir le soláthar ag grúpaí polaitiúla;

Tuarascáil bhliantúil an Iniúchóra Inmheánaigh

17. ag tabhairt dá haire, ag an gcruinniú idir an coiste freagrach agus an t-iniúchóir inmheánach a tionóladh an 4 Nollaig 2023, gur chuir an t-iniúchóir inmheánach a thuarascáil bhliantúil i láthair agus gur thug sé tuairisc ar na hiniúchtaí dearbhaithe a rinne sé agus ar na seirbhísí comhairliúcháin a sholáthair sé agus a thuairiscigh sé ar thoradh na staide reatha, lenar cumhdaíodh in 2022 obair leantach thrasnaí ar ghníomhaíochtaí oscailte ó thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí, iniúchadh ar mhisin foirne, athbhreithniú ar chreat bainistíochta riosca na Parlaiminte, iniúchadh ar an bpróiseas soláthair in An Ard-Stiúrthóireacht um Bonneagar agus um Lóistíocht (AS INLO), iniúchadh ar cheannach agus úsáid trealaimh agus seirbhísí slándála in An Ard-Stiúrthóireacht um Shlándáil agus Sábháilteacht (AS SAFE), iniúchadh ar mhaoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha — an dara sannadh, agus athbhreithniú tréimhsiúil ar thionscadal tógála ADENAUER 2 — Céim 3 (an Sciathán Thoir a thabhairt chun críche);

18. á chur in iúl gur geal léi agus go dtacaítear leis na gníomhaíochtaí a chomhaontaigh an t-iniúchóir inmheánach leis na hardstiúrthóireachtaí atá freagrach, mar thoradh ar na tascanna dearbhaithe maidir le hiniúchadh misean foirne, maidir leis an athbhreithniú ar chreat bainistithe riosca na Parlaiminte, agus maidir leis an iniúchadh ar an bpróiseas soláthair in AS INLO;

19. ag cur sonrú sna cúraimí dearbhaithe a bhfuil réamhchonclúidí á n-ullmhú ina leith faoi láthair nó a bhfuil obair allamuigh fós ar siúl ina leith, agus atá ag leanúint an phróisis atá beartaithe i gcairt an iniúchóra inmheánaigh faoi láthair;

20. ag tabhairt dá haire gur dúnadh 38 de na 92 ngníomhaíocht oscailte mar thoradh ar phróiseas leantach 2022 agus go raibh na dátaí dlite maidir le cur chun feidhme a comhaontaíodh imithe in éag; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh 29 ngníomhaíocht oscailte thar téarma ar feadh níos mó ná 12 mhí amhail ón 31 Nollaig 2022; ag dréim leis go n-áiritheoidh na hardstiúrthóireachtaí éagsúla go ndúnfar na gníomhaíochtaí atá fágtha gan a thuilleadh moille agus go gcuirfear na gníomhaíochtaí comhaontaithe chun feidhme i gcomhréir leis na dátaí dlite a leagtar síos i dtuarascáil bhliantúil an iniúchóra inmheánaigh;

21. á aithint, i gcomhréir le hAirteagal 118(9) den Rialachán Airgeadais, go mbeidh rochtain ag an bpobal ar thuarascálacha agus ar chinntí an iniúchóra inmheánaigh, chomh maith leis an tuarascáil ó institiúid an Aontais lena mbaineann, a luaithe a dhéanfaidh an t-iniúchóir inmheánach an ghníomhaíocht a rinneadh chun iad a chur chun feidhme a bhailíochtú; ag tabhairt dá haire nach bhfoilsítear na tuarascálacha agus na cinntí de ghnáth go dtí go mbíonn na moltaí uile curtha chun feidhme, rud a fhágann go mbíonn moill *de facto* ar an bhfoilsiú ar feadh roinnt blianta; á iarraidh ar an mBiúró gach tuarascáil ar an iniúchóireacht inmheánach a chur ar fáil don phobal aon bhliain amháin tar éis a cur i gcrích, a luaithe a bheidh na gníomhaíochtaí a rinneadh chun moladh na bliana roimhe sin a chur chun feidhme bailíochtaithe ag an iniúchóir inmheánach; á mheabhrú nach bhféadfaidh rochtain a bheith ag na Feisirí ar dhoiciméid rúnda ach amháin faoi rialacha an Bhiúró ar bhonn riachtanais eolais; á mheabhrú go bhfuil sé de cheart ag Comhaltaí uile an Choiste um Rialú Buiséadach rochtain rúnda ar an tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí a iarraidh maidir leis an nós imeachta um urscaoileadh; á chur in iúl gur geal léi go dtuairiscíonn an t-iniúchóir inmheánach don Choiste um Rialú Buiséadach maidir leis na gníomhaíochtaí iniúchóireachta bliantúla a dhéantar;

22. ag tabhairt dá haire, mar thoradh ar phost a bhí folamh i rith na bliana, a bhí beartaithe d'iniúchóir córas faisnéise, nach bhféadfaí iniúchadh beartaithe amháin i réimse TF (ar fheasacht na foirne maidir leis an gcibearshlándáil) a dhéanamh in 2022; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé deacair próifílí sonracha foirne iniúchóireachta a aimsiú, lena n-áirítear i réimse TF, chun iniúchtaí a dhéanamh mar a beartaíodh de réir a gceanglas; á iarraidh ar an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist chun a áirithiú go dtabharfar an t-iniúchadh atá fágtha chun críche in am don chéad timthriall urscaoilte eile;

23. á chur in iúl gur geal léi gur lean an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, trína clár dearbhaithe cáilíochta agus feabhsaithe, de bheith ag féachaint lena gníomhaíocht a fheabhsú maidir le dearbhú oibiachtúil a sholáthar, do na húdaráis chinnteoireachta agus mhaoirseachta, d'oifigigh údarúcháin agus don bhainistíocht; ag tabhairt dá haire gur luaigh an t-iniúchóir inmheánach nach bhfuair sé treoracha ná treoir ó aon fhoinse, rud a chuirfeadh a neamhspleáchas i mbaol;

Obair leantach ar rún 2021 maidir le hurscaoileadh

24. ag cur sonrú sna freagraí i scríbhinn ar rún 2021 maidir le hurscaoileadh a cuireadh ar fáil don Choiste um Rialú Buiséadach de chuid na Parlaiminte an 13 Meán Fómhair 2023, an cur i láthair ón Ardrúnaí ina dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna i rún 2021 na Parlaiminte maidir le hurscaoileadh agus an malartú tuairimí leis na Feisirí ina dhiaidh sin;

25. á mheabhrú, a luaithe a iarrann an Seisiún Iomlánach go ndéanfadh an Pharlaimint rialacha nó bearta éagsúla a chur chun feidhme, go ndéanfaidh an Biúró na rialacha nó na bearta a mholtar a phlé agus vótáil orthu; á mheabhrú, i bhfianaise Riail 25 de na Rialacha Nós Imeachta, go bhfuil an Biúró freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le hábhair airgeadais, eagraíochtúla agus riaracháin a bhaineann leis na Feisirí; á mheabhrú go bhfuil an Biúró comhdhéanta d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, de na 14 Leas-Uachtarán agus de na cúigear Caestóirí (comhaltaí nach bhfuil vóta acu) arna dtoghadh go daonlathach ag an bParlaimint; ag tabhairt dá haire go ndearna comhaltaí an Bhiúró plé ar dhréachtmheastacháin na Parlaiminte; á mheabhrú gurb éard atá i gceist le hurscaoileadh ná feidhmiú an ghrinnscrúdaithe dhaonlathaigh agus go ndéanfar na héilimh nithiúla arna nglacadh ag an Seisiún Iomlánach i rúin maidir le hurscaoileadh a léiriú i bpléití an Bhiúró;

26. á chur in iúl gur feasach di, ó bhris ráig phaindéim COVID-19 amach i mí an Mhárta 2020 agus go dtí gur cuireadh deireadh de réir a chéile leis na srianta sláintíochta ag tús 2022, go raibh plé an Bhiúró dírithe go príomha ar chinntí a raibh sé mar aidhm leo sláine na bhFeisirí agus na foirne a chosaint agus leanúnachas gnó a áirithiú agus bearta praiticiúla dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme vis-à-vis na trí Bhallstát óstacha den Pharlaimint;

Ard-Stiúrthóireacht na hUachtaránachta

27. á mheabhrú go gcuireann Ard-Stiúrthóireacht na hUachtaránachta (AS PRES) saineolas ar fáil agus go n-éascaíonn sí obair reachtach agus pharlaiminteach an Uachtaráin, an tSeisiúin Iomlánaigh agus chomhlachtaí rialaithe agus Fheisirí na Parlaiminte ag gach céim den phróiseas parlaiminteach agus reachtach; á mheabhrú go bhfuil sí freagrach freisin as caidreamh idirinstitiúideach, as tacaíocht phrótacail do chuairteanna oifigiúla agus imeachtaí arna n-urrú ag an Uachtarán, as faisnéis rúnaicmithe an Aontais a bhainistiú, agus as post oifigiúil agus post cláraithe a bhainistiú, agus go raibh sí freagrach as caidreamh idirpharlaiminteach go dtí mí na Samhna 2022; ag tabhairt dá haire go raibh 364 bhall foirne ann faoin 31 Nollaig 2022, ar oifigigh iad 307 acu, 19 ngníomhaire shealadacha, 37 ngníomhaire ar conradh, agus ball foirne gníomhaireachta amháin;

28. ag tabhairt dá haire gurbh ionann leithreasuithe deiridh AS PRES agus EUR 1 275 565 in 2022, arb ionann iad agus 0,1 % de bhuiséad na Parlaiminte; á thabhairt chun suntais gur gealladh, den mhéid sin, EUR 1 169 055,78 san iomlán; á chur in iúl gur geal léi an úsáid mhór a bhaintear as leithreasuithe;

29. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na gcomhpháirteanna éagsúla den chlár eLegislate trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht XML chun leasuithe ar thograí reachtacha agus ar dhoiciméid ullmhúcháin le haghaidh caibidlíochtaí reachtacha idirinstitiúideacha a dhréachtú ar bhealach níos tapúla agus níos éasca; á iarraidh go ndéanfadh na seirbhísí éagsúla lena mbaineann a n-iarrachtaí a threisiú tuilleadh agus a áirithiú go dtabharfaidh na huirlisí eLegislate cúnamh do gach céim den phróiseas reachtach parlaiminteach ó thús an phróisis reachtaigh sa 10ú téarma parlaiminteach;

30. á chur i bhfáth gur prionsabail bhunriachtanacha eitice iad an trédhearcacht, an chuntasacht agus an tsláine laistigh d'institiúidí an Aontais agus go háirithe an Pharlaimint mar theach dhaonlathas na hEorpa; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí prasa a rinne an Pharlaimint maidir leis na himeachtaí a bhaineann le cásanna éillithe líomhnaithe a bhaineann le Feisirí agus fostaithe i mí na Nollag 2022; á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú AS PRES leis an bplean gníomhaíochta 14 phointe a mhol an tUachtarán agus a hiarrachtaí chun na rialacha nua maidir le sláine agus trédhearcacht a chur chun feidhme; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag údaráis pholaitiúla na Parlaiminte chun trédhearcacht, sláine agus cuntasacht a fheabhsú sa Pharlaimint; á iarraidh go ndéanfadh an riarachán tionchar buiséadach agus airgeadais na mbeart sin a rianú; ag tabhairt dá haire go n-athdhearbhaíonn an Pharlaimint muinín as próiseas cinnteoireachta an Aontais trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht, eitic agus dea-iompar san institiúid is ionadaíche de chuid an Aontais trína gníomhaíochtaí; á mheabhrú go dtugtar Qatargate ar na himeachtaí sin de ghnáth;

31. ag tabhairt dá haire gurb í 2022 an chéad bhliain de chur chun feidhme iomlán an chláir trédhearcachta éigeantaigh faoin gcomhaontú Idirinstitiúideach athbhreithnithe (IIA), a ghlac an Pharlaimint, an Coimisiún agus an Chomhairle i mí Iúil 2021 ([2]); ag tabhairt dá haire, cé gur tugadh isteach roinnt prionsabal chun feabhas a chur ar chultúr comhchoiteann trédhearcachta, go bhfágann IIA faoi na trí shínitheoir an choinníollacht agus na bearta comhlántacha ina dhiaidh sin a chur chun feidhme de réir mar is cuí leo; á chur i bhfios go bhfuil coinníollacht fheabhsaithe ag an bParlaimint agus go bhfuil rannpháirtíocht na Comhairle fós teoranta;

32. á mheabhrú a thábhachtaí atá an clár sin mar ionstraim ríthábhachtach chun ionadaíocht leasa thrédhearcach agus eiticiúil a chothú ar leibhéal an Aontais, lena mbunaítear clárú éigeantach mar réamhriachtanas chun go mbeidh ionadaithe sainleasa in ann dul i mbun gníomhaíochtaí sonracha le hinstitiúidí an Aontais, lena n-áirítear an Pharlaimint; á iarraidh go ndéanfaí na hacmhainní uile is gá a sholáthar chun a áirithiú go ndéanfar na rialacha inmheánacha a bhaineann leis an gclár trédhearcachta a fhorfheidhmiú go héifeachtach, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí leormhaithe a fhorchur;

33. á chur in iúl gur geal léi an méadú atá tagtha ar an úsáid a bhaintear as an gclár trédhearcachta mar uirlis faisnéise agus tagartha le haghaidh gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa ar leibhéal an Aontais, rud a léirítear leis an méadú atá tagtha ar na hiarratais ar chlárú agus leis an méadú ar líon na gcuairteanna ar an suíomh gréasáin bliain ar bhliain; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí rialta cumarsáide, deisce cabhrach agus múscailte feasachta a dhéanann an Rúnaíocht i measc geallsealbhóirí laistigh de na hinstitiúidí agus lasmuigh dóibh araon, chomh maith le réitigh TF a fhorbairt chun feabhas a chur ar an gclár trédhearcachta; á mheabhrú gur gá leanúint de sheiceálacha cáilíochta sonraí iarratasóirí nua a neartú; ag tabhairt dá haire go bhfuil feabhas tagtha ar cháilíocht na n-iontrálacha sa chlár trédhearcachta le blianta beaga anuas mar gheall ar fhaireachán spriocdhírithe ar cháilíocht atá méadaithe agus mar thoradh ar imscrúduithe bunaithe ar ghearáin nó ar imscrúduithe féintionscnaimh arna ndéanamh ag an Rúnaíocht, agus ag moladh, in ainneoin acmhainní teoranta, ról na Comhrúnaíochta san fheabhsú sin; ag tabhairt dá haire go bhfuarthas i seiceálacha spriocdhírithe ar cháilíocht arna ndéanamh ag an Rúnaíocht ar 4 238 n-iontráil le linn 2022 gur sholáthair 44 % cáilíocht shásúil sonraí ón tús, (líon cosúil le 2021, + 4%) agus gur chuir 35,2 % breise d'ionadaithe sainleasa feabhas ar an bhfaisnéis a lean as na seiceálacha spriocdhírithe, agus gur baineadh 13,6 % díobh tar éis na seiceálacha mar thoradh ar neamh-incháilitheacht nó mainneachtain iad a thabhairt cothrom le dáta; á chur i bhfáth gur gá acmhainní breise a leithdháileadh ar an Rúnaíocht chun gur féidir grinnscrúdú a dhéanamh ar an gclár trédhearcachta chun cáilíocht sonraí a áirithiú; á iarraidh go leathnófaí a raon feidhme chun ionadaithe ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad a áireamh; á mholadh go n-úsáidfí réitigh TF chun an clár trédhearcachta a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí uile na Parlaiminte lena mbaineann eintitis sheachtracha chun gur féidir a rannpháirtíocht a thaifeadadh agus a rianú trí na bunachair sonraí ábhartha;

([2]) Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1).

34. ag athdhearbhú gur cúis bhuartha di na feachtais ar mhórscála trasnaíochta eachtraí agus bréagfhaisnéise a dhíríonn ar an Aontas, go háirithe ag an Rúis; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cultúr feabhsaithe slándála laistigh den Pharlaimint; á iarraidh go gcuirfí oiliúint éigeantach agus rialta maidir le slándáil agus sláine ar Fheisirí agus ar bhaill foirne, agus go gcuirfí i bhfeidhm imréiteach slándála iomchuí agus scagadh treisithe ar bhaill foirne, go háirithe iad siúd a fhreastalaíonn ar chruinnithe i seomra iata; á iarraidh go ndéanfaí grinnscrúdú níos déine ar eagrú imeachtaí, ar chuirí a thugtar d'aíonna seachtracha chun teacht chun na Parlaiminte agus ar rochtain ar ardáin chumarsáide na Parlaiminte; á iarraidh go ndéanfaí imscrúdú práinneach ar líomhaintí faoi thionchar na Rúise sa Pharlaimint;

35. á iarraidh, mar thoradh ar imeachtaí an éillithe líomhnaithe laistigh de Pharlaimint na hEorpa a tharla ag deireadh 2022, go mbunófaí caighdeáin láidre maidir le trédhearcacht agus rochtain ar institiúidí do na heintitis go léir atá liostaithe sa chlár trédhearcachta; á mheabhrú go líomhnaítear gur úsáideadh ENRanna mar veicteoirí ar thrasnaíocht eachtrach i bpróisis chinnteoireachta na Parlaiminte; á athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, go bhfuil gá le réamhscagadh airgeadais cuimsitheach ar gach eintiteas, lena ndéantar na foinsí cistiúcháin uile a nochtadh, sula liostaítear iad sa chlár trédhearcachta; ag meabhrú na hoibleagáide clárú sa chlár trédhearcachta roimh pháirt a ghlacadh in eagrú na n-imeachtaí agus comhdhálacha in áitreabh na Parlaiminte;

36. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh cistí uile an Aontais inrianaithe go héifeachtach ón bhfaighteoir díreach chuig an tairbhí deiridh nuair a chuirtear cistí ar aghaidh i slabhra mar a léirítear sa togra le haghaidh athmhúnlú ar an Rialachán Airgeadais agus mar a iarradh sa tuarascáil féintionscnaimh 'Trédhearcacht agus cuntasacht eagraíochtaí neamhrialtasacha arna gcistiú ó Bhuiséad AE' a glacadh an 17 Eanáir 2024 ([3]); á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar na treoirlínte maidir le clárú sa chlár trédhearcachta chun gach ciste isteach agus amach a nochtadh, lena n-áirítear aistriú cistí ó gheallsealbhóir nó eintiteas amháin go ceann eile; á chur i bhfios go láidir nach mór na cláraithe nó na heintitis uile a fhaigheann airgead ó thríú páirtithe, nach bhfuil gá lena gclárú sa chlár trédhearcachta, foinse a gcistí a nochtadh;

37. á mheabhrú go gcuireann Riail 11 de na Rialacha Nós Imeachta d'oibleagáid ar Fheisirí a gcruinnithe le hionadaithe sainleasa a fhoilsiú; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, nár fhoilsigh 261 Fheisire reatha oiread agus cruinniú amháin le hionadaí sainleasa ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte sa tréimhse go dtí an 26 Eanáir 2023; á mheabhrú gur cheart an fhaisnéis agus na fógraí meabhrúcháin faoin oibleagáid cruinnithe a fhoilsiú a sheoladh chuig na Feisirí uile ag eatraimh rialta;

38. ag cur sonrú sa chód iompair athbhreithnithe do na Feisirí agus an fócas méadaithe ar shláine agus trédhearcacht maidir le dearbhuithe leasanna airgeadais na bhFeisirí, coinbhleacht fhéideartha leasa, cruinnithe le hionadaithe agus dearbhuithe ionchuir; á chur i bhfáth go gcuirtear fáilte roimh na rialacha nua ach gur ardaíodh go leor ceisteanna lena léirmhíniú agus go bhfuil gá le gníomhaíocht ó riarachán na Parlaiminte agus ón gCoiste um an gCód Iompair ina leith; á thabhairt chun suntais, chun go mbeidh na Feisirí i gcomhréir leis na rialacha nua, go bhfuil gá le léirmhíniú soiléir agus iontaofa chun an leibhéal is airde deimhneachta dlíthiúla a éascú; á iarraidh go seolfaí nuashonruithe faisnéise rialta chuig oifigí na bhFeisirí chun go mbeidh níos mó infheictheachta agus inrochtaineachta ann;

39. á mheas gur príomhionstraim le haghaidh trédhearcachta agus cuntasachta i leith shaoránaigh an Aontais iad vótaí le glaoch rolla (VGR); á iarraidh go ndéanfaí vótaí uathoibríocha le glaoch rolla a thabhairt isteach in aon vótáil chríochnaitheach seachas i gcás ballóidí rúnda, agus go méadófaí an líon vótaí le glaoch rolla a d'fhéadfadh grúpa polaitiúil a iarraidh in aghaidh an pháirtseisiúin i Riail 190(2), nó comhaid reachtacha a dhíolmhú ón teorainn sin;

40. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur éirigh le heagrú na toghcháin mheántéarmacha in 2022, don Uachtarán, do na Leas-Uachtaráin agus do na Caestóirí, i bhformáid chianda, mar a chinn Comhdháil na nUachtarán; á aithint a thábhachtaí atá córas cianvótála an tseisiúin iomlánaigh maidir le vótáil rúnda chomh híogair agus chomh casta sin a reáchtáil go rathúil;

41. ag meabhrú na n-athruithe ar Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte an 20 Nollaig 2020 lena gceadaítear cianvótáil agus nach gceadaítear vótáil go cianda sa choiste faoi láthair mura rud é go suíonn an tUachtarán gurb ann d'imthosca urghnácha; ag athdhearbhú a hiarrata ar an mBiúró, arna glacadh ar leibhéal an tSeisiúin Iomlánaigh roinnt uaireanta, a chur ar chumas na bhFeisirí a gceart vótála a fheidhmiú go cianda agus tairbhe á baint acu as saoire mháithreachais nó saoire atharthachta, le linn breoiteachta fadtéarmaí nó i gcásanna force majeure, agus ar an gcaoi sin leas a bhaint as an iarracht mhór riaracháin agus as an infheistíocht airgeadais atá déanta ag an bParlaimint i réitigh theicniúla chun cianvótáil a cheadú;

42. ag tabhairt dá haire gur éirigh le AS PRES aghaidh a thabhairt ar riachtanais a tháinig chun cinn tar éis bhunú mheastacháin 2022, in ainneoin na staide sláintíochta luainí agus a tionchair ar leibhéal na gníomhaíochta parlaimintí; ag tabhairt dá haire gur ghin sé barrachas freisin a d'fhéadfaí a úsáid chun riachtanais Ard-Stiúrthóireachtaí eile a mhaoiniú, ar barrachas é a d'eascair as an mboilsciú ard in 2022;

([3]) P9_TA(2024)0036.

43. ag meabhrú gur in Strasbourg a bheidh suíomh na Parlaiminte, de réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Prótacal Uimh. 6 atá i gceangal leis na Conarthaí, agus is ansin a thionólfar na 12 tréimhse de sheisiúin iomlánacha mhíosúla, lena n-áirítear an seisiún buiséadach; á chur i bhfios go láidir go bhfuil nasc idir fionraí na seisiún in Strasbourg agus an rannpháirtíocht chianda agus imthosca eisceachtúla phaindéim COVID-19; á mheabhrú go n-éilítear aontoilíocht na mBallstát chun aon athrú a dhéanamh ar na Conarthaí; ag meabhrú go dtacaíonn formhór mór na Parlaiminte le suíomh aonair chun caiteachas éifeachtúil airgead cháiníocóirí an Aontais a áirithiú agus chun an fhreagracht institiúideach atá uirthi laghdú a dhéanamh ar a lorg carbóin a ghlacadh chuici féin; ag tabhairt dá haire go n-éileodh athruithe buana athrú ar an gConradh;

44. ag tabhairt dá haire gur rannchuidigh fionraí na bpáirtseisiún in Strasbourg le linn phaindéim COVID-19 le coigilteas iomlán de EUR 26 260 608 a bhaint amach de réir Ard-Rúnaíocht na Parlaiminte agus lorg carbóin na Parlaiminte á laghdú go suntasach freisin; á thabhairt chun suntais go measann an Chúirt go bhféadfadh 'sábháil bhliantúil EUR 114 mhilliún móide coigilt aonuaire EUR 616 mhilliún a ghiniúint má dhéantar foirgnimh Strasbourg a dhífheistiú go rathúil, nó costas aonuaire EUR 40 milliún mura ndéanfar foirgnimh Strasbourg a dhífheistiú go rathúil' ([4]); á mheas, i bhfianaise na géarchéime aeráide atá ann faoi láthair, go bhfuil sé mífhreagrach an suíochán in Strasbourg a choinneáil; á iarraidh ar an gComhairle seasamh na Parlaiminte a chur i gcuntas agus gníomhú ina leith mar ábhar práinne;

Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide

45. á mheabhrú gur Ard-Stiúrthóireacht ilsuímh í Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide (AS COMM), ina bhfuil an fhoireann lonnaithe sa Bhruiséil, in Strasbourg agus sna hOifigí Idirchaidrimh i ngach ceann de na 27 mBallstát, agus i Londain, Washington D.C. (go dtí an 1 Samhain 2022 nuair a aistríodh an dá Oifig Idirchaidrimh Pharlaimintigh chuig an Ard-Stiúrthóireacht nua um Chomhpháirtíochtaí Daonlathais Pharlaimintigh), agus Teach Jean Monnet in Bazoches (an Fhrainc);

46. ag tabhairt dá haire gurb iad príomhchúraimí AS COMM comhoibriú leis na meáin, infheictheacht obair na Parlaiminte a chur in iúl, a mhíniú agus a fheabhsú, feasacht ar an bParlaimint a mhéadú i measc saoránach, geallsealbhóirí agus ceannairí tuairimíochta trí Oifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa (EPLOnna) atá lonnaithe sna Ballstáit, idirghníomhaíocht le saoránaigh a chothú trí thionscadail fheabhsaithe cuairteoirí, imeachtaí agus feachtais faisnéise agus a láithreacht ar na meáin shóisialta, agus saineolas a chur ar fáil do na Feisirí agus do ghrúpaí polaitiúla maidir le hábhair amhail faisnéis na meán agus faireachán ar thuairimí an phobail; agus an bhréagaisnéis a chomhrac ar gach bealach, go háirithe sa tréimhse roimh thoghcháin;

47. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá do Pharlaimint agus d'institiúidí eile an Aontais acmhainní leormhaithe a bheith acu chun a spás faisnéise a chosaint ar fheachtais ionramhála faisnéise, agus luachanna an Aontais á gcaomhnú go hiomlán;

48. ag tabhairt dá haire gurbh ionann leithreasuithe deiridh AS COMM agus EUR 121 235 650 in 2022, arb ionann iad agus 5,6 % de bhuiséad na Parlaiminte; á thabhairt chun suntais gur gealladh, den mhéid sin, EUR 121 146 177 san iomlán; á chur in iúl gur geal léi an úsáid mhór a bhaintear as leithreasuithe;

49. ag tabhairt dá haire castacht ghníomhaíochtaí AS COMM; ag tabhairt dá haire gur gá infheictheacht obair na Parlaiminte a mhéadú agus muinín na saoránach as institiúid na Parlaiminte a mhéadú, rud a d'éileodh méadú ar an mbuiséad do AS COMM;

50. á thabhairt chun suntais go raibh tionchar fós ag paindéim COVID-19 ar chur chun feidhme buiséadach AS COMM le linn na chéad cheithre mhí de 2022, go háirithe maidir leis na grúpaí cuairteoirí agus na saoráidí cuairteoirí; ag tabhairt dá haire go ndearnadh cuid mhór de na barrachais a bhí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí a chur ar fionraí a ath-leithdháileadh ar sheirbhísí eile de chuid na Parlaiminte chun tosaíochtaí eile a mhaoiniú agus chun dul i ngleic le héifeacht an bhoilscithe ar chaiteachas foirne; ag tabhairt dá haire go raibh tionchar mór freisin ag méaduithe suntasacha ar phraghsanna ar roinnt gníomhaíochtaí de chuid AS COMM, amhail seirbhísí closamhairc;

51. ag tabhairt dá haire, an 10 Márta 2022, gur eisigh an tUachtarán cinneadh athbhreithnithe maidir le 'Bearta slándála chun leathadh COVID-19 a theorannú', rud a d'fhág go ndearnadh láithreacht fhisiciúil do roinnt gníomhaíochtaí a athbhunú, lena n-áirítear grúpaí cuairteoirí a ligean isteach an athuair; á chur in iúl gur geal léi an cinneadh na ranníocaíochtaí airgeadais íoctha le haghaidh costais taistil, lóistín, béilí agus mionchostais áitiúla a mhéadú 10 % do na grúpaí cuairteoirí urraithe in 2022; á iarraidh ar an mBiúró a chinneadh a aisiompú maidir le cuóta bliantúil na gcuairteoirí urraithe in aghaidh an Fheisire a laghdú ó 110 go 100 agus ó 55 go 50 do bhlianta toghcháin; á thabhairt chun suntais nár tháinig aon athrú ar an gcinneadh an cuóta nár úsáideadh a thabhairt anonn ó 2020 go 2022, 2023 agus 2024; á áitiú don Bhiúró go ndíothófar CPCanna ó liosta na gceann grúpaí ceadaithe, agus nach bhfágfar ach comhalta den ghrúpa urraithe nó gairmí, amhail gníomhairí íocaíochta nó gníomhaireachtaí taistil, chun dul i mbun an róil, chun cosc a chur ar iallach a bheith curtha ar CPCanna an fhreagracht airgeadais a ghlacadh orthu féin, a d'fhéadfadh a bheith ionann le suimeanna suntasacha airgid;

([4]) https://www.eca.europa.eu/other%20publications/pl1407_letter/pl1407_letter_en.pdf.

52. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú suntasach tagtha ar phraghsanna taistil agus béilí tar éis na géarchéime fuinnimh san Aontas; ag cur sonrú san athbhreithniú atá beartaithe ar na rialacha maidir le fóirdheontais a íoc le grúpaí cuairteoirí urraithe;

53. ag tabhairt dá haire, le tarraingt siar fhorchéimnitheach shrianta phaindéim COVID-19 sna Ballstáit, gur cuireadh ar chumas EPLOnna tosú arís ag feidhmiú faoi ghnáthchoinníollacha trí eilimintí hibrideacha a chur isteach go córasach; á thabhairt chun suntais gur eagraíodh sraith gníomhaíochtaí a bhaineann le Bliain Eorpach na hÓige in Oifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa; ag tabhairt dá haire go dtugtar cuireadh go córasach do na Feisirí freastal ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí leis na meáin, le geallsealbhóirí, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le pobal na hóige sna Ballstáit; ag tabhairt dá haire go gcuireann Oifigí Idirchaidrimh rannpháirtíocht na gComhaltaí in imeachtaí agus i ngníomhaíochtaí tríú páirtí chun cinn freisin;

54. ag tabhairt dá haire gur tugadh an deis do na Feisirí páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí iomlánacha ó Oifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa sna Ballstáit inar toghadh iad, mar thoradh ar bhearta eisceachtúla a cuireadh i bhfeidhm le linn na paindéime, rud a éascaíodh le gníomhaíochtaí AS COMM; á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí méadaithe a rinne AS COMM chun úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun obair na bhFeisirí a éascú le linn phaindéim COVID-19; á aithint go bhfuil bealaí curtha ar fáil le cianrochtain na meán náisiúnta ar ghníomhaíochtaí cumarsáide na Parlaiminte chun idirghníomhú le saoránaigh an Aontais;

55. ag tabhairt dá haire, in 2022, gur chríochnaigh AS COMM an chuid is mó dá chuid oibre ullmhúcháin roimh thoghcháin Eorpacha 2024; ag tabhairt dá haire gur fhormheas Biúró na Parlaiminte an straitéis cumarsáide do thoghcháin 2024 in 2022; ag tabhairt dá haire gur seoladh glao uile-Eorpach ar thograí i lár 2022 agus gur bronnadh 19 deontas, maoiniú ar ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus/nó gníomhaíochtaí rannpháirtíochta saoránach mar thoradh air sin chun tacú leis na toghcháin Eorpacha;

56. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA) lena bhféachtar le sraith nua rialacha a thabhairt isteach chun iolrachas agus neamhspleáchas na meán a chur chun cinn ar fud an Aontais; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur uirlis bhreise é, laistigh d'iarrachtaí leanúnacha an Aontais troid i gcoinne feachtais chórasacha maidir le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis arb é is aidhm dóibh an tAontas a dhíchobhsú;

57. ag tabhairt dá haire gur gníomhaíochtaí dearfacha iad Europa Experience a chuireann obair an Aontais chun cinn agus a mhíníonn beartais an Aontais do shaoránaigh; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil méadú tagtha ar líon na gcuairteanna ar Europa Experience le dhá bhliain anuas; ag tabhairt dá haire go mbaineann na mílte cuairteoir in aghaidh na míosa taitneamh as Europa Experience gach bliain; ag tabhairt dá haire, in ainneoin na géarchéime boilscithe leanúnaí in 2022, gur osclaíodh dhá shaoráid nua Europa Experience (Páras agus an Róimh), rud a chuir ar chumas na nOifigí Idirchaidrimh tairbhe a bhaint as deiseanna éagsúla for-rochtana agus a líonraí a leathnú; ag tabhairt dá haire gur comhlíonadh os cionn 80 % de chuspóirí leathadh amach Europa Experience ag deireadh 2022;

58. ag meabhrú na streachailte leanúnaí lena bhfuil an tAontas bainteach maidir le luachanna Eorpacha a chosaint agus sláine ár bpróiseas daonlathach a chaomhnú; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí a rinne an Pharlaimint chun na cuspóirí sin a bhaint amach, maidir leis an gcomhrac i gcoinne na bréagaisnéise agus na cúblála faisnéise; á iarraidh go dtreiseofaí na gníomhaíochtaí sin i bhfianaise na dtoghchán Eorpach atá ar na bacáin agus, go háirithe, á iarraidh ar AS COMM leanúint de straitéisí éifeachtacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun an bhréagaisnéis agus an chúbláil faisnéise a chomhrac, go háirithe i gcomhthéacs toghcháin; á thabhairt chun suntais go bhfuil cumarsáid dhearfach atá bunaithe ar fhíorais maidir le gníomhaíochtaí na Parlaiminte ar cheann de na hairm is cumhachtaí i gcoinne na bréagaisnéise;

59. á chreidiúint nár cheart rochtain ar acmhainní na Parlaiminte, amhail stiúideonna fístaifeadta nó ardáin chumarsáide eile, a úsáid chun an bonn a bhaint de luachanna an Aontais nó chun faisnéis naimhdeach a scaipeadh ag réimis fhorlámhacha;

Ard-Stiúrthóireacht an Phearsanra

60. á mheabhrú go bhfuil Ard-Stiúrthóireacht an Phearsanra (AS PERS) freagrach as bainistiú iomchuí agus éifeachtúil acmhainní daonna laistigh den Pharlaimint agus go n-áirithíonn sí go dtacaíonn lucht saothair ardoilte leis na Feisirí chun a chur ar a gcumas a sainordú a chomhlíonadh go cuí;

61. ag tabhairt dá haire gurbh ionann leithreasuithe deiridh AS PERS agus EUR 1 090 141 584 in 2022, arb ionann iad agus 50,4 % de bhuiséad na Parlaiminte; á thabhairt chun suntais gur gealladh, den mhéid sin, EUR 1 087 939 413 san iomlán; á chur in iúl gur geal léi an úsáid mhór a bhaintear as leithreasuithe;

62. ag tabhairt dá haire, in 2022, gur earcaigh an Pharlaimint níos lú oifigeach ó chomórtais arna n-eagrú ag an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) (48 n-oifigeach) ná ó chomórtais inmheánacha agus oscailte arna reáchtáil ag an bParlaimint (139 oifigeach); á chur in iúl gur oth léi go raibh fadhbanna éagsúla ag EPSO maidir le riaradh trialacha ar líne agus réimeas teanga na gcomórtas; á aithint go mbíonn deacrachtaí ginearálta ag AS PERS agus ag Ard-Stiúrthóireachtaí eile maidir le tallann a mhealladh agus a choinneáil, rud a bhfuil tionchar aige ar fheidhmíocht fhórsa saothair na Parlaiminte; á iarraidh go mbeadh nósanna imeachta roghnúcháin níos éifeachtúla, níos spriocdhírithe agus níos giorra ann a mbeadh mar thoradh orthu cur le tarraingteacht na Parlaiminte mar fhostóir agus a chuirfeadh ar chumas na nArd-Stiúrthóireachtaí na sainphróifílí is gá chun tacú lena gcuid oibre a earcú go tapa;

63. á thabhairt chun suntais gur cuid thábhachtach é cothromaíocht gheografach chóir a áirithiú chun fíorsheirbhís phoiblí Eorpach a chruthú, á thabhairt le fios go bhfuil roinnt beart déanta ag an bParlaimint thar na blianta i ndáil leis sin; ag tabhairt dá haire go bhféadfaí feabhas a chur ar chúrsaí fós; ag tabhairt dá haire gur chruthaigh an Biúró an creat dlíthiúil chun comórtais a bhaineann go sonrach le náisiúntacht a eagrú agus gur chinn sé an chéad cheann de na comórtais sin a eagrú; á thabhairt chun suntais gur cheart comórtais a bheith bunaithe i gcónaí ar oiliúint ghairmiúil an duine, gan beann ar aois, inscne, creideamh;

64. á mheabhrú gur fhormheas an Biúró, an 13 Eanáir 2020, spriocanna nua agus níos uaillmhianaí maidir le cothromaíocht inscne ar leibhéil shinsearacha agus mheánbhainistíochta riarachán na Parlaiminte atá le baint amach faoi 2024, rud a chiallaíonn gur cheart go mbeadh 50 % de na poist mar chinn aonaid, 50 % de na poist mar stiúrthóirí agus 40 % de na poist mar ard-stiúrthóirí ag mná; á mheabhrú go ndearna an Biúró plean gníomhaíochta inscne do na blianta 2021-2022 a fhorbairt agus a fhormheas ina dhiaidh sin an 6 Iúil 2020, arb é is aidhm dó cur chun feidhme na spriocanna sin a éascú, chomh maith leis an inscne a phríomhshruthú go cuimsitheach i ngníomhaíochtaí uile na Parlaiminte; ag tabhairt dá haire go raibh 28,6 % de na poist mar ard-stiúrthóirí ag mná in 2022, á chur in iúl gur geal léi go raibh 50,8 % de na poist mar stiúrthóirí, agus 43,5 % de na poist mar chinn aonaid ag mná;

65. á aithint go bhfuil roinnt Ard-Stiúrthóireachtaí tar éis a n-imní a chur in iúl maidir le tallann agus próifílí speisialaithe a mhealladh atá bunriachtanach chun príomhghnó na Parlaiminte a chur i gcrích; ag tabhairt dá haire nach bhféadfar ach seirbhísí atá bunriachtanach a mheas le haghaidh cleachtadh inmheánaithe a d'fhéadfadh a bheith ann; á thabhairt chun suntais go ndéanann soláthraithe seirbhíse seachtracha roinnt seirbhísí mar gheall ar a gcineál sonrach nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le hinmheánú; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, dá bhrí sin, nár cheart do na comhlachtaí rialaithe na coinníollacha sin a mheas lena n-inmheánú;

66. á chur in iúl gur geal léi an obair atá déanta ag AS PERS le Cúntóirí Parlaiminteacha Creidiúnaithe (CPCanna); á thabhairt chun suntais gur eagraigh Infodesk AS PERS 85 sheisiún faisnéise d'oifigigh, do ghníomhairí sealadacha agus do ghníomhairí ar conradh agus do CPCanna, chomh maith le sé sheimineár ghréasáin maidir le dul ar scor, agus 14 sheisiún faisnéise d'oiliúnaithe nua na bhFeisirí; á chur in iúl gur geal léi obair Aonad Front Office CPC i ndáil le conarthaí CPCanna a earcú agus a bhainistiú agus gníomhú mar phointe teagmhála do gach ceist agus nós imeachta gaolmhar; ag tabhairt dá haire gur thug an t-aonad sin freagra ar 12 405 iarraidh ar fhaisnéis, lena n-áirítear earcaíocht, modhnuithe ar chonarthaí, athnuachan, éirí as oifig agus foirceannadh; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur cuireadh 100 % de na conarthaí le haghaidh CPCanna ar fáil laistigh de 10 lá oibre;

67. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, mar a iarradh i rún 2021 maidir le hurscaoileadh, gur iarr an Biúró, ag a chruinniú an 10 Iúil 2023, go dtabharfaí isteach an fhéidearthacht foirceannadh caibidlithe a dhéanamh ar chonradh idir Feisire agus a CPC, i gcásanna inar gá conradh CPC a fhoirceannadh ar chúiseanna seachas cailliúint muiníne;

68. á aithint gur dlúthchuid d'obair na bhFeisirí í obair CPCanna agus go bhfuil ról tábhachtach acu i nósanna imeachta reachtacha an Aontais; ag tabhairt dá haire, tar éis ghlacadh reacht CPC in 2009, go bhfuil méadú tagtha de réir a chéile thar na blianta ar an aitheantas a thugtar dá gcuid oibre; ag cur sonrú sna hiarrachtaí a rinne an Pharlaimint chun creat a chruthú chun tacaíocht a thabhairt do CPCanna; á iarraidh ar an mBiúró agus ar riarachán na Parlaiminte dul i gcomhairle go rialta agus go foirmiúil le Coiste CPC maidir le hathbhreithnithe agus athchóirithe a mbíonn tionchar díreach acu ar chearta CPCanna; á iarraidh go gcloífear go cuí leis na rialacha atá i bhfeidhm; á iarraidh ar riarachán na Parlaiminte féachaint an bhféadfaí tréimhse fógra a thabhairt isteach laistigh de chonarthaí CPCanna i gcás imeacht gan choinne Feisire, bíodh sé deonach nó neamhdheonach;

69. ag tabhairt dá haire, go mbíonn CPCanna rannpháirteach i misin oifigiúla chuig trí ionad oibre na Parlaiminte; ag tabhairt dá haire gur ghlac an Biúró, an 11 Nollaig 2023, leasuithe ar 'Bearta Cur Chun Feidhme do Theideal VII de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh', lena rialaítear fostaíocht CPCanna; ag tabhairt dá haire, de réir an chinnidh sin, go mbeidh feidhm mutatis mutandis ag na rialacha is infheidhme maidir le misin arna ndéanamh ag oifigigh agus seirbhísigh eile na Parlaiminte maidir le CPCanna; ag tabhairt dá haire, nuair a bhíonn ordú misin bailíochtaithe ag CPCanna chun taisteal go Strasbourg le linn sheisiúin iomlánacha Pharlaimint na hEorpa, gur féidir leo taisteal ansin ar thraein chairtfhostaithe; ag tabhairt dá haire, i gcás traenacha cairtfhostaithe Eurostar a bheith lán, go dtairgtear roghanna taistil i bhfad níos measa agus níos neamhiontaofa do CPCanna ná baill foirne eile na Parlaiminte; á iarraidh ar an bParlaimint an gá atá le traein bhreise a scrúdú; á athdhearbhú maidir le CPCanna a thionlacann Feisirí chuig na páirtseisiúin in Strasbourg go mbíonn ordú misin de dhíth orthu agus go gcaithfear iad a aisíoc i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme;

70. á thabhairt faoi deara go gcuireann an Cinneadh ón mBiúró maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le misin an Choiste lasmuigh de na trí ionad oibre arna leasú i mí na Samhna 2011, tar éis plé i gComhdháil na nUachtarán i mí Aibreáin 2011 agus sa Bhiúró i mí na Samhna 2011, toirmeasc faoi láthair ar thionlacan CPCanna ag na Feisirí ar thoscaireachtaí oifigiúla na Parlaiminte agus ar mhisin na gcoistí; ag tabhairt dá haire, trí chead a thabhairt do CPCanna páirt a ghlacadh i misin PE go neamhoifigiúil, go gcuirtear riosca tromchúiseach clú ar an bParlaimint agus go bhforchuirtear dúshláin shonracha maidir lena gcumhdach árachais; á mheabhrú go mbíonn tionlachan ionadaithe ó ghrúpaí polaitiúla ag na Feisirí cheana féin ar na misin sin ach á thabhairt le fios go bhfuil an tacaíocht theicniúil a sholáthraíonn CPCanna le linn misin ríthábhachtach do na Feisirí rannpháirteacha; ag athdhearbhú a hiarraidh sheanbhunaithe go gceadófaí do CPCanna, faoi réir coinníollacha áirithe atá fós le cinneadh, chun na Feisirí a thionlacan ar thoscaireachtaí oifigiúla na Parlaiminte agus ar mhisin lasmuigh de na trí ionad oibre, mar a d'athdhearbhaigh an Seisiún Iomlánach i roinnt rún urscaoilte; ag tathant ar an mBiúró agus ar Chomhdháil na nUachtarán freagairt dhearfach a thabhairt ar an éileamh sin;

71. á mheabhrú go ndéantar CPCanna, gan beann ar a dtaithí ná ar a gcáilíochtaí, a eisiamh ó pháirt a ghlacadh i gcomórtais inmheánacha Pharlaimint na hEorpa; á iarraidh ar an mBiúró féachaint an bhféadfaí na deiseanna céanna a thabhairt do CPCanna, ar bhonn cothrom agus de réir critéir arna leagan síos ag na hArd-Stiúrthóireachtaí ábhartha, chun lamháil do CPCanna, faoi choinníollacha atá fós le cinneadh a bheith rannpháirteach i gcomórtais inmheánacha ar comhchéim le foireann Pharlaimint na hEorpa; ag tabhairt dá haire go bhfaigheann CPCanna tuiscint chríochnúil trí thaithí na mblianta ar na miondifríochtaí polaitiúla agus teicniúla a bhaineann le feidhmiú shainordú na bhFeisirí chomh maith le nósanna imeachta dlíthiúla éagsúla an Aontais; á chur i bhfáth go bhféadfadh lucht saothair níos cuimsithí, níos éagsúla agus níos cothroime ó thaobh na geografaíochta de a bheith mar thoradh ar rannpháirtíocht níos láidre CPCanna i struchtúir inmheánacha na Parlaiminte; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé eolas a choinneáil agus a aistriú laistigh de Pharlaimint na hEorpa maidir leis na modhanna oibre inmheánacha;

72. ag tabhairt dá haire go bhfuil an tréimhse mharana is infheidhme maidir le CPCanna dhá uair ar a laghad chomh fada leis an tréimhse mharana is infheidhme maidir le Feisirí; á iarraidh go ndéanfaí plé maidir leis an tréimhse mharana d'fhostaithe Pharlaimint na hEorpa a chomhchuibhiú;

73. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta maidir leis an athbhreithniú ar na rialacha lena rialaítear fostaíocht na gcúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe; á chur in iúl gur geal léi an comhchuibhiú dearfach a thugann an cinneadh don fhoireann; á chur in iúl gur geal léi an comhaontú ar thángthas air maidir le conradh a fhoirceannadh go frithpháirteach idir CPCanna agus FPEnna; á chur in iúl gur geal léi ailíniú na rialacha maidir le liúntais mhisin idir CPCanna agus an fhoireann; á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú ar oiliúint éigeantach do CPCanna ar dhul i mbun a ndualgas dóibh; á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú ar rialacha máithreachais do CPCanna chun feabhas a chur ar úsáid éifeachtúil acmhainní ag Feisirí; ag moladh Bhiúró Pharlaimint na hEorpa as freastal ar iarrataí sheisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa agus ar an ionchur ó Choiste CPC le blianta beaga anuas; ag moladh do Bhiúró PE leanúint den obair chuiditheach sin le Coiste CPC maidir le saincheisteanna eile atá ar feitheamh;

74. Chun trédhearcacht agus cuntasacht in oibríochtaí parlaiminteacha na hEorpa a neartú, agus chun dáileadh cothrom acmhainní a chur chun cinn, moltar na hathbhreithnithe seo a leanas maidir le cúnamh parlaiminteach agus uasteorainneacha foriomlána agus buiséad:

(1) Déanfar an leithdháileadh buiséid íosta do Chúnamh Parlaiminteach (CPCanna) a shainordú ar íosmhéid 35 %.

(2) Cuirfear uasteorainn de 65 % ar an leithdháileadh buiséid uasta le haghaidh tairbhithe eile agus roinnfear é mar a leanas:

(a) Beidh soláthraithe seirbhísí teoranta d'uasmhéid 25 % de leithdháileadh buiséid.

(b) Beidh cúntóirí áitiúla teoranta d'uasmhéid 25 % de leithdháileadh buiséid.

(c) Beidh oiliúnaithe teoranta d'uasmhéid 15 % de leithdháileadh buiséid;

75. ag tabhairt dá haire, tar éis an dá eagrán de Chlár Earcaíochta agus Forbartha Schuman a tugadh chun críche in 2022, gur earcaíodh 16 % de na hiarrthóirí ó na hiarrthóirí a cuireadh sa chomhthiomsú in 2022; á thabhairt chun suntais gur earcaíodh 50 iarrthóir ar éirigh leo as 16 Bhallstát éagsúla mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin; á thabhairt le fios, i gcás na mBallstát sin, go bhfuil ionadaíocht níos mó anois ag naoi gcinn de na Ballstáit sin a ndearna líon beag ball foirne nó líon an-bheag ball foirne ionadaíocht orthu agus go ndéanann 70 % de na hiarrthóirí rathúla comhfhreagracha ionadaíocht orthu; á thabhairt chun suntais gur cruthaíodh líonra alumni d'iar-oiliúnaithe na Parlaiminte arna bhformheas ag an Ardrúnaí ag deireadh 2022;

76. á chur in iúl gur geal léi gur chuir AS PERS an Scéim um Ghníomhaíocht Dearfach d'iarrthóirí faoi mhíchumas chun feidhme, rud a fhágann go bhfuil líon i bhfad níos airde iarratas ann ná mar a rinneadh sna blianta roimhe sin;

77. ag meabhrú chinneadh an Ard-Rúnaí i mí na Samhna 2022 maidir leis na rialacha nua maidir le teilea-obair sa Pharlaimint is infheidhme maidir le hArdrúnaíocht na Parlaiminte; á mheabhrú go bhféadfaidh Feisirí agus grúpaí polaitiúla a chinneadh freisin na rialacha teilea-oibre a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach sa chinneadh sin; á chur in iúl go bhfuil sé tairbheach agus táirgiúil úsáid chothrom a bhaint as timpeallacht oibre hibrideach agus, dá bhrí sin, is díol sásaimh di an cinneadh maidir le féidearthachtaí teilea-oibre a choinneáil; á mheabhrú go bhfuil láithreacht fhisiciúil ríthábhachtach i gcónaí d'idirghníomhú éifeachtúil agus éifeachtach na ngníomhaithe uile i ngach próiseas parlaiminteach;

78. á mholadh, chun riachtanais riarachán na Parlaiminte (lena n-áirítear comhtháthú foirne, cumarsáid inmheánach agus ionduchtú na nuatheachtaithe) a thabhairt chun réitigh, ar riachtanais iad a mbeadh tionchar dearfach acu ar fheidhmíocht na Parlaiminte chomh maith lena tarraingteacht mar fhostóir, go leantar d'anailís a dhéanamh ar na bealaí nua oibre; ag tabhairt dá haire gur tugadh isteach an deis don fhoireann teilea-obair a dhéanamh ar feadh cúig lá in aghaidh na bliana; ag tabhairt dá haire, le roinnt de na bearta a bhaineann le paindéim COVID-19, gur modhnaíodh dálaí oibre i seirbhísí sonracha; á iarraidh go ndéanfaí faireachán agus meastóireacht réamhghníomhach ar na bealaí nua oibre ionas nach mbeidh tionchar diúltach ar fholláine agus ar shástacht na foirne;

79. á chur in iúl nár cuireadh ach fógra amháin maidir le fostaíocht iar-shainordaithe faoi bhráid na Parlaiminte (Airteagal 6 den Chód Iompair) as an 459 bhFeisire den 8ú téarma parlaiminteach, nár atoghadh in 2019; á chur in iúl gur geal léi an toirmeasc ar iar-Fheisirí dul i mbun gníomhaíochtaí brústocaireachta le linn na sé mhí tar éis dheireadh a sainordaithe agus nós imeachta a thabhairt isteach i gcás neamhchomhlíonta; ag moladh nach féidir a thuilleadh suaitheantas brústocaireachta a eisiúint d'iar-Fheisire laistigh den tréimhse sé mhí tar éis dheireadh a sainordaithe agus go ndéantar a suaitheantas iar-Fheisire a dhíghníomhachtú má eisítear suaitheantas brústocaireachta don iar-Fheisire tar éis na tréimhse sin; ag tabhairt dá haire gur iarr 65 oifigeach as an 199 n-oifigeach a d'fhág an tseirbhís, in 2022, cead le haghaidh gníomhaíochta tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil (Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne); á iarraidh ar an bParlaimint rialacha níos láidre a bhunú chun doirse imrothlacha d'Fheisirí agus do státseirbhísigh a rialáil;

80. á chreidiúint go láidir nár cheart urraíocht a dhéanamh ar imeachtaí agus ar thurais riamh mar bhealach chun luachanna an Aontais a chur i mbaol nó chun faisnéis naimhdeach ó réimis fhorlámhacha a chur chun cinn; ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh rialacha níos déine ann maidir le turais arna ndéanamh ag Feisirí a íocann tíortha agus eintitis eachtracha astu; á chreidiúint gur cheart rialacha comhchosúla a tharraingt suas do thurais a dhéanann APAnna nó foireann na ngrúpaí polaitiúla;

Ard-Stiúrthóireacht um Bonneagar agus Lóistíocht

81. á mheabhrú go mbainistíonn an Ard-Stiúrthóireacht um Bonneagar agus Lóistíocht (AS INLO) saoráidí lena gcumhdaítear 1,3 milliún m^2 sa Bhruiséil, i Lucsamburg agus in Strasbourg, chomh maith leis na hOifigí Idirchaidrimh agus saoráidí Europa Experience sna Ballstáit; ag tabhairt dá haire go gcuireann AS INLO lónadóireacht agus iompar ar fáil freisin, agus go ndéanann sé bainistiú agus trealamh a chur ar fáil i spásanna oifige agus cruinnithe na Parlaiminte; ag tabhairt dá haire go raibh 652 bhall foirne ann faoin 31 Nollaig 2022, ar oifigigh iad 267 díobh, 47 mball foirne shealadacha agus 338 mball foirne ar conradh;

82. ag tabhairt dá haire gurbh ionann leithreasuithe deiridh AS INLO agus EUR 271 191 093 in 2022, arb ionann iad agus 12,5 % de bhuiséad na Parlaiminte; á thabhairt chun suntais gur gealladh, den mhéid sin, EUR 269 189 287 san iomlán; á chur in iúl gur geal léi an úsáid mhór a bhaintear as leithreasuithe; ag tabhairt dá haire go raibh míreanna buiséid ina raibh an ráta tomhaltais níos ísle ná 95 % i réimsí na soghluaisteachta, glao ar thairiscintí nár éirigh leo chun feithiclí a cheannach, agus gníomhaíocht níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar phaindéim COVID-19, rud a d'fhág go raibh caiteachas cruinnithe inmheánach níos ísle ann;

83. á aithint go gcuireann 'Straitéis Tógála na Parlaiminte tar éis 2019' creat comhleanúnach ar fáil le haghaidh cinntí agus go rannchuidíonn sí le punann réadmhaoine na Parlaiminte a chomhdhlúthú agus, ag an am céanna, saoráidí a oiriúnú d'fhorbairt phatrúin cruinnithe, dul ar an leibhéal áitiúil agus níos gaire do na saoránaigh trí Ionaid Europa Experience a chur i bhfeidhm de réir a chéile, slándáil d'fhoirgnimh na Parlaiminte a fheabhsú, agus idirnascadh a foirgneamh lárnach a bhaint amach; ag tabhairt dá haire go bhfuil formhór na mbeartas agus na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear sa Straitéis Foirgníochta atá ann faoi láthair tugtha chun críche nó faoi lán seoil;

84. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le bainistiú saoráide éifeachtach agus torthaí-dhírithe ar fhoirgnimh na Parlaiminte; á chur in iúl gur díol sásaimh di torthaí measúnaithe tógála 2022, mar a cuireadh in iúl don Bhiúró i mí an Mheithimh 2022 i bhfoirm pasanna tógála, i gcás nach raibh ach scór innéacs 0.1 maidir le Feidhmíocht Fuinnimh, Cáilíocht Chomhshaoil Laistigh, Iarfheistiú (EPIQR) (EPIQR) rud a léiríonn a ndea-riocht fhoriomlán agus ag tabhairt fianaise ar chlársceidealú coisctheach agus ceartaitheach éifeachtach ag seirbhísí inniúla na Parlaiminte faoi chuimsiú na Straitéise um Bainistiú Comhtháite Saoráidí, lena ndírítear ar bhainistiú saolré phunann tógála na Parlaiminte, a ghlac an Biúró an 8 Márta 2021;

85. á chur in iúl gur geal léi tiomantas AS INLO réitigh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur i bhfeidhm; ag tabhairt dá haire gur ghin an Pharlaimint, in 2022, breis agus 19 % dá fuinneamh féin ó fhoinsí inathnuaite; á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh staidéar ar tháirgeadh leictreachais ar an láthair in Strasbourg in 2022 agus an cur chun feidhme 1 400 m^2 de phainéil fhótavoltacha ina dhiaidh sin ar fhoirgnimh PFLIMLIN, DE MADARIAGA, agus CHURCHILL. á chur i bhfáth go bhféadfadh an Pharlaimint an fuinneamh sin a roinnt le cathair Strasbourg nuair a bhíonn áitreabh na Parlaiminte folamh den chuid is mó; á iarraidh ar an mBiúró freisin féachaint ar dhromchlaí na ndíonta a ligean ar cíos d'úsáideoirí seachtracha chun grianphainéil a shuiteáil, rud a d'fhéadfaí a úsáid mar fhoinse bhreise ioncaim don Pharlaimint;

86. ag tabhairt dá haire gur osclaíodh Sciathán Thoir fhoirgneamh ADENAUER, i Lucsamburg an 10 Bealtaine 2022, a chuirfidh foirgneamh aonair ar fáil, chomh maith le cur i seirbhís an Sciatháin Thiar, tar éis a thógáil a thabhairt chun críche in 2024, chun seirbhísí uile na Parlaiminte atá lonnaithe i Lucsamburg a choinneáil in aon áit amháin;

87. ag cur sonrú in oscailt na 15 sheomra seimineáir do chuairteoirí, agora ilchuspóireach agus Tolglann Sakharov i bhfoirgneamh ZWEIG a chuirfidh le heispéireas feabhsaithe cuairteoirí i bParlaimint na hEorpa sa Bhruiséil; ag tabhairt dá haire gur críochnaíodh an bealach lena nasctar foirgneamh ZWEIG le foirgnimh Choiste na Réigiún agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa;

88. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na Parlaiminte an fhoireann a spreagadh chun modhanna iompair inbhuanaithe a úsáid le haghaidh comaitéireachta trí líon méadaithe rothair thraidisiúnta agus leictreacha a chur ar fáil dóibh saor in aisce agus trí chuid de chostas na dticéad iompair phoiblí a aisíoc mar mhalairt ar rochtain ar an gcarrchlós a theorannú; á chur in iúl gur geal léi an scéim nua lena dtairgtear laghdú 90 % ar phraghsanna do thicéid iompair phoiblí shéasúracha na Bruiséile, as ar eascair méadú 26,57 % ar an bhfoireann trí úsáid a bhaint as ticéad séasúrach arna chómhaoiniú ag an bParlaimint;

89. a chur in iúl gur geal léi go bhféadfadh baill foirne rothair chaighdeánacha agus leictreacha a fháil ar cíos le linn na seisiún páirtaimseartha in Strasbourg; á chur in iúl gur geal léi leathnú an fhlít rothar; á chur in iúl gurb oth léi gur iondúil go mbíonn na rothair curtha in áirithe go hiomlán laethanta roimh ré; á iarraidh ar an bParlaimint scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht níos mó rothar ar cíos a thairiscint in Strasbourg agus síneadh a chur leis na tréimhsí ama chun iad a bhailiú chun freastal ar an éileamh ó na Feisirí agus ón bhfoireann agus rannchuidiú le soghluaisteacht inbhuanaithe a fheabhsú;

90. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil méadú tagtha ar an gcéatadán de ghluaisteáin hibrideacha astaíochtaí nialasacha nó hibrideacha inluchtaithe sa fhlít seirbhísí iompair daoine ó 81 % in 2021 go 97 % in 2022;

91. á chur i bhfios go raibh sciar mór de na suíocháin atá ar fáil i bhflít na bhfeithiclí a bhíonn i mbun comaitéireacht idir an Bhruiséil agus Strasbourg le haghaidh shuíocháin na seisiún iomlánach fós gan áitiú in 2022; ag athdhearbhú a hiarrata ar riarachán na Parlaiminte an grúpa úsáideoirí a leathnú agus ligean d'fhoireann na Parlaiminte taisteal go Strasbourg agus uaidh leis an bhflít seirbhíse gan Feisire a bheith i láthair, agus ag an am céanna a chinntiú go n-áiritheofar suíocháin na bhFeisirí;

92. á aithint a thábhachtaí atá deimhniú EMAS na Parlaiminte agus an bhreisluach a bhaineann leis maidir lena cur chuige institiúideach maidir leis an gcomhshaol inbhuanaithe agus an geilleagar ciorclach; ag cur sonrú sna bearta coigilte uisce agus bainistithe dramhaíola arna nglacadh ag an riarachán chun na críche sin;

93. ag tabhairt dá haire an cinneadh d'aon toil ón mBiúró an 23 Deireadh Fómhair 2019 cruthú IDEA Lab a fhormheas agus é mar aidhm réitigh nuálacha nua a thástáil i gcomhthéacs oifigí agus bainistiú saoráidí; á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh saotharlann bhuan don nuálaíocht a d'fhéadfadh coigilteas i dtionscadail athchóirithe amach anseo mar thoradh uirthi agus á iarraidh go mbunófaí líne bhuiséid ar leith; á chur i bhfios go bhfuil IDEA Lab ceaptha a bheith ar fáil do na Feisirí agus á iarraidh go gcuirfí na Feisirí ar an eolas faoi nuálaíochtaí agus réitigh tástálaithe a chuirfear i bhfeidhm amach anseo agus iad siúd nach saothrófar tuilleadh agus na cúiseanna atá leis sin; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go mbeadh réiteach nuálaíoch ailtireachta ar cheann de thosaíochtaí IDEA Lab chun úsáid níos fearr a bhaint as an spás ina bhfuil na cithfholcadáin nach n-úsáidtear in oifigí na bhFeisirí; ag iarraidh ar mheitheal an Bhiúró um fhoirgnimh agus ar riarachán na Parlaiminte níos mó trédhearcachta a áirithiú maidir leis an mbuiséad do IDEA Lab agus liosta na réiteach nuálach, a gcostas agus an t-aiseolas a tháirgtear a chur faoi bhráid an Choiste um Rialú Buiséadach go rialta, chomh maith leis an gcoigilteas a d'fhéadfadh a bheith ann dá gcuirfí chun feidhme iad;

94. ag cur sonrú sna tionscadail agus na hoibreacha éagsúla a bhaineann le hinrochtaineacht a chuirtear chun feidhme i ngach ceann de na trí shuíomh oibre chomh maith le hOifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa agus Ionaid Europa Experience arb é is aidhm dóibh comhréireacht iomlán leis an gcreat rialála is infheidhme a áirithiú i gcomhréir le tiomantas na Parlaiminte a bheith ina hinstitiúid saor ó bhacainní, a mbeidh rochtain ag cách uirthi;

95. á aithint, mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ar an ngéarchéim fuinnimh, gur chuir suaitheadh sa slabhra soláthair agus ganntanas amhábhar iallach ar AS INLO athbhreithniú a dhéanamh ar a cuid tionscadal agus a buiséad a choigeartú; á thabhairt le fios, mar gheall ar an easnamh sa bhuiséad fuinnimh a d'eascair as sin, go raibh ar AS INLO roinnt tionscadal a chalcadh nó a chur ar feitheamh chun na hacmhainní is gá chun déileáil leis an méadú ard ar phraghsanna a shaoradh;

96. ag cur sonrú sna bearta a cuireadh chun feidhme chun tomhaltas fuinnimh na Parlaiminte a laghdú, amhail teochtaí téimh uasta a laghdú i limistéir oifige agus teochtaí íosta fuaraithe a mhéadú, na córais téimh agus fuaraithe a mhúchadh le linn an deireadh seachtaine agus laethanta saoire poiblí, soilsiú aghaidheanna foirgneamh a laghdú agus leibhéil soilsithe laistigh a laghdú; á aithint go bhfuil athmheasúnú le déanamh ar na bearta de réir mar a fhorbróidh an ghéarchéim fuinnimh agus gur cheart folláine na foirne a ráthú i gcónaí;

97. á aithint gurbh é an toradh a bhí ar na bearta éagsúla a chuir an riarachán i bhfeidhm tar éis na gcinntí ábhartha ón mBiúró i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair 2022 laghdú suntasach ar thomhaltas fuinnimh arb ionann é agus coigilteas EUR 10,5 milliún ó mhí na Bealtaine 2022 go dtí mí Dheireadh Fómhair 2023;

98. á aithint gur lean AS INLO le linn 2022 de Straitéis Tógála na Parlaiminte a chur chun feidhme i ndiaidh 2019; ag cur sonrú i rannchuidiú cheannach fhoirgneamh TRÈVES I maidir le cur chun feidhme na straitéise sin agus le comhdhlúthú eastát réadach na Parlaiminte, go háirithe agus é mar rún idirnascacht fhoirgnimh láir na Parlaiminte sa Bhruiséil a cheadú, á iarraidh go mbeadh amchlár ann don idirnasc idir TRÈVES I agus TRÈVES II leis na príomhfhoirgnimh lárnacha sa Bhruiséil;

99. ag moladh na Parlaiminte as na hoibreacha oiriúnaithe inrochtaineachta a rinneadh i bhfoirgnimh na Bruiséile idir 2017 agus 2022 arbh ionann iad agus EUR 3,3 milliún ar an iomlán ([5]); á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an t-ardán i limistéar cuairteoirí an tseomra tionóil i bhfoirgneamh SPAAK inrochtana anois do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; á mheabhrú go raibh an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le cuimsitheacht agus comhionannas a chur chun cinn dá shaoránaigh uile; á mheabhrú gur cheart go mbeadh rochtain chomhionann ag gach saoránach Eorpach agus cuairt á tabhairt acu ar institiúidí an Aontais; á iarraidh ar an bParlaimint anailís a dhéanamh ar riachtanais na gcuairteoirí faoi mhíchumas agus á iarraidh go gcuirfí na bearta iomchuí chun feidhme;

100. ag cur sonrú i miontuairiscí an Bhiúró ó chruinniú breise an 6 Iúil 2022 inar thug an Biúró dá aire agus inar fhormhuinigh sé torthaí an Chomórtais Idirnáisiúnta um Dhearadh Ailtireachta d'Athnuachan fhoirgneamh SPAAK; ag tabhairt dá haire gur thacaigh an Biúró le 5 bhuaiteoir; ag tabhairt dá haire nach ndearnadh aon chinneadh eile le linn 2022 maidir leis an ábhar sin agus, dá bhrí sin, nach raibh aon iarmhairtí airgeadais ann agus ag an am céanna á chur i bhfáth an phráinn mhéadaitheach atá ann tús a chur leis na hoibreacha athnuachana a luaithe is féidir; á thabhairt chun suntais go ndearnadh na pleananna deiridh chun tús a chur le hoibreacha athchóirithe a fhormheas go pras ar leibhéal an choiste an 14 Feabhra 2024, i bhfianaise riocht an fhoirgnimh a bheith ag dul in olcas; á chur i bhfáth go bhfuil rátáil éifeachtúlachta fuinnimh an-íseal ag an bhfoirgneamh atá ann faoi láthair agus go bhfuil easpa solúbthachta ann a bhfuil géarghá léi chun bheith oiriúnach don fheidhm; á thabhairt chun suntais gur cheart do Pharlaimint na hEorpa a bheith ar thús cadhnaíochta lena punann foirgneamh féin maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheacht chun tacaíocht na saoránach do chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a choimirciú; ag tabhairt dá haire go mbeadh coigilteas mór costais dar luach roinnt milliún EUR in aghaidh na bliana mar thoradh ar an athchóiriú agus go gcabhródh sé freisin le ceanglais na Treorach Eorpaí maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Eorpach agus na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh a bheidh ann amach anseo a chomhlíonadh;

101. ag tabhairt dá haire, thairis sin, an cinneadh ón mBiúró an 6 Iúil 2022, maidir leis an straitéis tógála do Strasbourg, lena ndírítear ar acmhainneacht óstála agus cóiríochta a fheabhsú, ar úsáid áitreabh na Parlaiminte a bharrfheabhsú, ar inrochtaineacht a fheabhsú agus ar fheidhmiúlacht foirne a chomhdhlúthú;

102. ag tabhairt dá haire gur minic a bhíonn ceaintín féinseirbhíse na Parlaiminte ar urlár -1 d'fhoirgneamh Spinelli róphlódaithe ag buaicuaireanta, rud a fhágann go mbíonn scuainí fada agus amanna feithimh fada ann; á iarraidh ar an mBiúró machnamh a dhéanamh ar shrianta rochtana a fhorchur ar na ceaintíní i bpríomhfhoirgnimh na Parlaiminte do chuairteoirí seachtracha agus do ghrúpaí cuairteoirí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an cóimheas míshásúil praghsanna/cáilíochta agus go háirithe an easpa roghanna veigeatóracha inacmhainne; á iarraidh ar an riarachán réitigh a mholadh chun an cás sin a leigheas;

103. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, in 2022, tar éis deireadh a chur leis na srianta acmhainneachta a bhaineann le COVID, gurbh ionann an tairiscint suíochán sa fhlít seirbhíse a bhí ag dul ar an Luan ón mBruiséil go Strasbourg agus 250 áit in aghaidh na seachtaine páirtseisiúin in 2022, go raibh 162 shuíochán ar an meán nó 65 % de na suíocháin a bhí ar fáil sa fhlít líonta; ag athdhearbhú a hiarrata ar riarachán na Parlaiminte úsáid suíochán a leathnú agus a áirithiú ag an am céanna go n-áiritheofar suíocháin na bhFeisirí chun diomailt acmhainní a sheachaint;

([5]) Nóta ón MEITHEAL maidir le 'Foirgnimh, Iompar agus Parlaimint ghlas' chuig an mBiúró ((2023)10939, § 16).

Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin

104. á mheabhrú go bhfuil Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin (AS TRAD) freagrach as reachtaíocht ilteangach ardcháilíochta agus seirbhísí teanga eile a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa, do sheirbhísí na Parlaiminte agus do shaoránaigh uile an Aontais, bunaithe ar phrionsabal an ilteangachais iomláin atá tíosach ar acmhainní; ag tabhairt dá haire go raibh 1 109 bhall foirne ann faoin 31 Nollaig 2022, ar oifigigh iad 945 acu, 97 ngníomhaire shealadacha, 66 ngníomhaire ar conradh, agus ball foirne gníomhaireachta amháin;

105. ag tabhairt dá haire gurbh ionann leithreasuithe deiridh AS TRAD agus EUR 17 105 500 in 2022, arb ionann iad agus 0,8 % de bhuiséad na Parlaiminte; á thabhairt chun suntais gur gealladh, den mhéid sin, EUR 16 834 967 san iomlán; á chur in iúl gur geal léi an úsáid mhór a bhaintear as leithreasuithe;

106. á chur in iúl gur geal léi tiomantas AS TRAD seirbhísí teanga ar ardchaighdeán a chur ar fáil go tráthúil; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur aistríodh os cionn 2,89 milliún ollleathanach in 2022, arb ionann é agus méadú 26 % i gcomparáid le 2021; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur seachadadh formhór mór na hoibre in am (98,5 % i ngnáthchúinsí agus 98,6 % nuair nach raibh na hiarrataí i gcomhréir leis na rialacha);

107. á chur in iúl gur geal léi cur chun cinn agus táirgeadh ábhair i 'teanga na Saoránach' ag AS TRAD, cur chuige na Parlaiminte féin i leith teanga shoiléir atá oiriúnaithe do riachtanais daoine i 24 theanga oifigiúla an Aontais; á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh foireann teanga Úcránach, a chuireann seirbhísí teanga ar fáil san Úcráinis, lena n-áirítear aistriúcháin, clostháirgí agus fotheidil le haghaidh suíomh gréasáin tiomnaithe;

108. á mheabhrú an t-éileamh seanbhunaithe atá ag pobal na mbodhar, ó 2016, ar an gcumas achainíocha a chur faoi bhráid na Parlaiminte i dteangacha comharthaíochta náisiúnta an Aontais; á chur i bhfios go láidir go gceadódh an beart do phobal na mbodhar a gceart chun achainí a chur in iúl, atá ar cheann de chearta bunúsacha gach saoránach Eorpach, atá cumhdaithe sa Chonradh agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; á thabhairt dá haire an anailís a rinne AS LINC agus AS ITEC ar an réiteach is éifeachtúla leis an gcostas is lú a cuireadh chuig an gCoiste um Achainíocha i mí na Bealtaine 2020; á iarraidh ar an riarachán an réiteach sin a ghlacadh agus éascú a dhéanamh ar thíolacadh achainíocha arna gcur in iúl i dteangacha comharthaíochta náisiúnta an Aontais tríd an Tairseach Achainíocha;

109. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur críochnaíodh go rathúil an chéad bhabhta den chomórtas oscailte do ghairmithe idirchultúrtha agus teanga, lena gcumhdaítear 11 theanga, agus a d'eagraigh AS TRAD agus AS PERS; á thabhairt chun suntais gur thosaigh AS TRAD ag earcú buaiteoirí rathúla dá chéad chomórtas oscailte riamh do ghairmithe soiléire teanga; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh dlús suntasach leis an gcomhar chun oifigigh ardcháilithe a earcú le próifílí atá cothrom le dáta agus réamhbhreathnaitheach;

110. á mheabhrú go bhfuil na teangacha oifigiúla atá le húsáid ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais bunaithe i Rialachán Uimh. 1 ([6]); á aithint go n-áirithíonn AS TRAD go bhfuil inneachar nós imeachta na Parlaiminte ar fáil i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla agus oibre an Aontais; á chur in iúl gur geal léi an obair eisceachtúil a rinne ateangairí in 2022, lena n-áirithítear, a mhéid is féidir, go ndéanfar ateangaireacht ar dhíospóireachtaí poiblí i dteangacha oifigiúla uile an Aontais; á chur i bhfáth go bhfuil sé de cheart ag Feisirí, faoi Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte, labhairt in aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh, rud a léiríonn éagsúlacht chultúrtha agus teanga na hEorpa agus a fhágann go bhfuil institiúidí an Aontais níos inrochtana agus níos trédhearcaí do shaoránaigh uile an Aontais; ag tabhairt dá haire gur minic a úsáidtear teanga oibre amháin go háirithe go forleathan in obair na Parlaiminte; á iarraidh go n-urramófaí an t-ilteangachas trína áirithiú, i gcás inar gá, go mbeidh líon leormhaith foirne aistriúcháin agus ateangaireachta ann;

111. á thabhairt chun suntais gurb í AS TRAD údarás teanga Pharlaimint na hEorpa, trí thacú le reachtaíocht ilteangach a ghlacadh agus trí rannchuidiú le cumarsáid ilteangach i dteanga shoiléir le saoránaigh an Aontais trí chaighdeáin shoiléire teanga a thabhairt isteach;

Ard-Stiúrthóireacht um Lóistíocht agus um Ateangaireacht do Chomhdhálacha

112. á mheabhrú go bhfuil an Ard-Stiúrthóireacht um Lóistíocht agus um Ateangaireacht do Chomhdhálacha (AS LINC) freagrach as tacaíocht teanga, theicniúil agus lóistíochta a chur ar fáil do chruinnithe agus do chomhdhálacha; ag tabhairt dá haire go raibh 554 bhall foirne ann faoin 31 Nollaig 2022, ar oifigigh iad 443 acu, 29 ngníomhaire shealadacha agus 82 ghníomhaire ar conradh; á thabhairt chun suntais go bhfuil tionchar díreach ag cáilíocht na hateangaireachta a chuirtear ar fáil ar an teachtaireacht a chuirtear in iúl do shaoránaigh an Aontais;

([6]) Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385/58)

113. ag tabhairt dá haire gurbh ionann leithreasuithe deiridh AS LINC agus EUR 79 569 347 in 2022 arb ionann iad agus 3,7 % de bhuiséad na Parlaiminte; á thabhairt chun suntais gur gealladh, den mhéid sin, EUR 79 282 501 san iomlán; á chur in iúl gur geal léi an úsáid mhór a bhaintear as leithreasuithe;

114. á thabhairt chun suntais gur thosaigh an t-éileamh ar sheirbhísí AS LINC ag méadú go mór ó thús 2022 agus go raibh srianta COVID-19 fós i bhfeidhm; á aithint gur chuir sé sin brú ar acmhainní toisc go raibh gá le tuilleadh ateangairí, tacaíocht theicniúil agus oibríochtaí pleanála casta mar gheall ar scaradh sóisialta agus srianta eile; ag tabhairt dá haire go raibh tionchar ag éifeachtaí an bhoilscithe ar luach saothair gníomhairí ateangaireachta comhdhála seachtracha; ag tabhairt dá haire gur maolaíodh go páirteach costas méadaithe na hateangaireachta le cian-ateangaireacht ar sheisiúin iomlánacha Strasbourg ón mBruiséil; agus é mar aidhm leis sin feabhas a chur ar dhálaí oibre, go príomha cáilíocht fuaime níos fearr agus teorainn a chur le líon agus fad uaireanta ateangaireachta na gcainteoirí cianda;

115. ag tabhairt dá haire gur chuir ionadaithe ateangaireachta i gcoinne na ndálaí oibre is infheidhme maidir le hateangaireacht do rannpháirtithe cianda mar gheall ar an tionchar ar shláinte agus ar dhea-bhail na n-ateangairí a d'eascair as cian-ateangaireacht ar feadh tréimhsí fada ama, go háirithe na fadhbanna éisteachta a tuairiscíodh; á mheabhrú an dualgas cúraim atá ar na hinstitiúidí Eorpacha dá n-oibrithe; á thabhairt chun suntais, mar thoradh ar an ngníomhaíocht thionsclaíoch a d'eascair as sin, i samhradh agus i bhfómhar na bliana 2022, gur cuireadh stop leis an ateangaireacht, rud a raibh tionchar aige ar chianchainteoirí; ag tabhairt dá haire gur tháinig Socruithe Oibre eatramhacha d'Ateangairí le haghaidh cruinnithe le rannpháirtíocht chianda i bhfeidhm an 17 Deireadh Fómhair 2022; ag tabhairt dá haire gur cheadaigh siad ateangaireacht a athbhunú do chianchainteoirí agus na huaireanta oibre seachtainiúla laghdaithe d'ateangairí a choinneáil ag an am céanna, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar an soláthar seirbhíse; ag tabhairt dá haire go raibh an t-idirphlé sóisialta, arb é is aidhm dó creat buan a bhunú agus seirbhísí ateangaireachta a athbhunú go hiomlán, ar siúl ag deireadh 2022 agus gur tugadh i gcrích é in 2023;

116. á chur in iúl gur geal léi go raibh AS LINC in ann a sholáthar seirbhísí ateangaireachta a chomhdhlúthú agus, ag an am céanna, é féin a chur in oiriúint don timpeallacht rialála dhúshlánach; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go ndearna AS LINC seirbhísiú ar 5 278 gcruinniú parlaiminteach le hateangaireacht agus gur sholáthair sé 5 266 uair an chloig ateangaireachta ar an meán in aghaidh na seachtaine oibre, suas ó 4 172 chruinniú agus 4 039 uair an chloig ateangaireachta in aghaidh na seachtaine in 2021; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé sin fós faoi bhun mheán 2017 agus 2018 réamh-COVID;

117. ag meabhrú Airteagal 26 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; ag athdhearbhú a hiarrata seanbhunaithe ar an Ard-Rúnaí anailís a dhéanamh ar indéantacht na hateangaireachta comharthaíochta idirnáisiúnta do na díospóireachtaí uile sa suí iomlánach agus an iarraidh sin a chur chun feidhme gan mhoill; á chreidiúint, thairis sin, go gcuirfeadh atarchur na seisiún iomlánach sna teangacha comharthaíochta a úsáidtear i ngach Ballstát le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i bpróiseas daonlathach an Aontais Eorpaigh; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé uirlisí digiteacha a úsáid, lena n-áirítear fearais chúnta atá cumhachtaithe ag IS; á áitiú freisin go bhfuil gá le faisnéis inrochtana trí fhormáidí atá éasca le léamh, picteagraim agus teicneolaíochtaí nua, do gach duine faoi mhíchumas.

Ard-Stiúrthóireacht an Airgeadais

118. á mheabhrú gurb í an Ard-Stiúrthóireacht Airgeadais (AS FINS) an comhlacht riaracháin atá freagrach as gnóthaí buiséadacha agus airgeadais na Parlaiminte; ag tabhairt dá haire go raibh 246 bhall foirne ann faoin 31 Nollaig 2022, ar oifigigh iad 149 acu, 27 ngníomhaire shealadacha, 63 ghníomhaire ar conradh, agus 7 mball foirne gníomhaireachta;

119. ag tabhairt dá haire gurbh ionann leithreasuithe deiridh AS FINS agus EUR 396 723 134 in 2022 arb ionann iad agus 18,4 % de bhuiséad na Parlaiminte; á thabhairt chun suntais gur gealladh, den mhéid sin, EUR 395 647 243 san iomlán; á chur in iúl gur geal léi an úsáid mhór a bhaintear as leithreasuithe;

120. ag tabhairt dá haire, in 2022, go bhfuil go leor de na cúraimí a bhfuil AS FINS freagrach astu ar ais, a bheag nó a mhór, ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim; ag tabhairt dá haire go raibh tionchar nithiúil ag an gcogadh san Úcráin ar ghníomhaíochtaí AS FINS, lena n-éilítear athléimneacht agus inoiriúnaitheacht chun leanúnachas gníomhaíochtaí áirithe sa Pharlaimint a áirithiú trí shlógadh agus ath-leithdháileadh na n-acmhainní airgeadais is gá chun dul i ngleic leis an suaitheadh boilscitheach;

121. á chur in iúl gur geal léi, mar fhreagairt ar an méadú suntasach ar bhoilsciú agus ar rátaí úis, chomh maith leis an ngéarchéim dhomhanda fuinnimh, gur ghéaraigh AS FINS a mhaoirseacht ar leibhéil úsáide leithreasuithe buiséid agus go raibh air bearta eisceachtúla a dhéanamh chun leanúnachas oibríochtaí na Parlaiminte a áirithiú, lena n-áirítear trí roinnt ath-leithdháileadh buiséid agus iarraidh maidir le buiséad leasaitheach i mí na Samhna 2022;

122. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go raibh AS FINS in ann leas a bhaint as éifeachtúlacht a phróisis agus as tiomantas a foirne chun leanúnachas na seirbhísí a bhfuil sé freagrach astu a áirithiú agus chun na cuspóirí a leagtar amach ina chlár oibre bliantúil a bhaint amach; ag tabhairt dá haire na hábhair imní a chuir Feisirí in iúl maidir le moilleanna míchuí agus suntasacha go minic maidir le haisíocaíochtaí a phróiseáil, le meán-am le haghaidh aisíocaíocht liúntas taistil agus cothaithe suas le 40 lá; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil a próisis á nuachóiriú go leanúnach ag an bParlaimint chun seirbhísí níos fearr a thairiscint do na Feisirí trí uathoibriú, simpliú agus digitiú a chur i bhfeidhm; á iarraidh ar AS FINS dlús breise a chur leis na sreafaí oibre chun nósanna imeachta níos brostaithe a sholáthar; go háirithe trí na huirlisí agus na bogearraí is gá a thabhairt dá ghníomhairí chun ualaí oibre a bhainistiú go héifeachtúil, agus ar an gcaoi sin an t-am próiseála a laghdú;

123. ag aithint obair cúntóirí áitiúla mar chuid bhunriachtanach de ghníomhaíochtaí na bhFeisirí ina dtoghcheantair agus mar chéad phointe teagmhála do shaoránaigh; á chur i bhfáth go bhfuil an próiseas fruilithe agus sínithe conartha do chúntóirí áitiúla ag éirí níos dúshlánaí le roinnt blianta anuas mar gheall ar an iliomad iarrataí riaracháin a raibh seiceálacha dúbailte agus ceanglais dhoiléire mar thoradh orthu; á chur i bhfáth gur cheart do AS FINS a aithint go bhfuil cúntóirí áitiúla faoi réir na reachtaíochta náisiúnta agus, dá bhrí sin, á iarraidh ar dheasca tír-shonracha déileáil leis an bpróiseas fruilithe; á mheabhrú, thairis sin, gur minic gur gairmeacha rialta iad gníomhaíochtaí deonacha agus polaitiúla cúntóirí áitiúla, laistigh de na rialacha atá leagtha síos ag Parlaimint na hEorpa, agus nár cheart go mbeadh gá le seiceálacha nach bhfuil gá leo;

124. ag cur sonrú i rannpháirtíocht AS FINS sna hathruithe ar an gcreat rialála chun struchtúir pholaitiúla a chistiú; á chur in iúl gur geal léi gur rannchuidigh sé le dréachtú an togra a ghlac an Biúró i mí Iúil 2022 chun leasú a dhéanamh ar na rialacha maidir le húsáid leithreasuithe a bhaineann le cistiú grúpaí polaitiúla; ag tabhairt dá haire go gcuirtear san áireamh sa leasú an staid a d'eascair as paindéim COVID-19 agus go soláthraítear leis, mar eisceacht, modh chun an uasteorainn le tabhairt anonn ó 2022 go 2023 de chistí neamhchaite a choinneáil ag 75 % in ionad 50 %; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go raibh AS FINS rannpháirteach freisin san obair ar athbhreithniú Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]);

125. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí leanúnacha a rinneadh le linn 2022 chun próisis a dhigitiú, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí nua a fhorbairt agus feidhmchlár an Ríomhthairsí a athdhearadh; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur tháinig méadú ar ráta úsáide an fheidhmchláir mar thoradh air sin;

126. á mheabhrú go bhfuil cúram fadtéarmach ag teastáil le haghaidh COVID fadtéarmach agus go bhfuil sé fós faoi réir dianghníomhaíochtaí taighde; ag tabhairt dá haire go bhfuil othair fhadtéarmacha i measc Fheisirí, fhoireann agus CPCanna Pharlaimint na hEorpa, a dteastaíonn cúnamh leanúnach uathu; á chur in iúl gur oth léi nach ndéantar foráil le rialacha reatha JSIS maidir le haisíocaíochtaí leormhaithe a fhágann ualach ollmhór airgeadais orthu siúd lena mbaineann; á chur i bhfáth go bhfuil feidhm ag coinníollacha neamhfhabhracha comhchosúla maidir le go leor daoine a bhfuil galair uath-imdhíonacha orthu, nach n-aithnítear go hiomchuí; á iarraidh ar AS FINS agus PMO na rialacha aisíocaíochta a mhodhnú chun a riachtanais a léiriú ar bhealach níos fearr;

127. á chur in iúl gur geal léi gur eagraíodh seisiúin oibre maidir le hábhair shonracha soláthair phoiblí, lena n-áirítear bainistiú praghsanna conartha agus bainistiú calaoise; ag cur sonrú sna staidéir chomparáideacha agus indéantachta a tugadh chun críche i bhfabhar shamhail an Choimisiúin atá bunaithe ar an ríomhsholáthar;

128. ag tabhairt dá haire go gcomhordaíonn AS FINS na seirbhísí a bhaineann le heagrú taistil atá saincheaptha do riachtanais na bhFeisirí agus do sheirbhísí riaracháin uile na Parlaiminte, lena n-áirítear an ghníomhaireacht taistil; á chur in iúl gur geal léi go ndearna AS FINS, i gcomhpháirtíocht leis an ngníomhaireacht taistil, iarrachtaí chun bainistiú aisíocaíocht speansais taistil iarnróid na bhFeisirí a uathoibriú; ag tabhairt dá haire gurb é 2022 an dara bliain dheireanach sula dtiocfaidh deireadh le conradh na gníomhaireachta reatha; á athdhearbhú gur cheart go mbeadh an ghníomhaireacht nua a roghnaíodh in ann réitigh níos solúbtha agus ar phraghas níos fearr a thairiscint do na Feisirí atá cosúil leis na tairiscintí is féidir leo a fháil ar an margadh oscailte;

129. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuarthas cúig chás calaoise amhrasta in 2022 nuair a líomhnaíodh gur mhaígh Feisirí go raibh modhanna sonracha iompair ann agus go raibh úsáid á baint acu as ceann níos saoire; ag tabhairt dá haire go meastar go n-eiseofar dhá ordú aisghabhála dar luach EUR 39 807 san iomlán agus go bhfuil na cásanna eile á n-imscrúdú tuilleadh faoi láthair, lena gcumhdaítear roinnt blianta buiséadacha, agus go bhféadfadh EUR 801 000 a bheith i gceist leo;

([7]) IO L 317, 4.11.2014, lch. 1.

130. ag cur sonrú sa bhfógra ag cruinniú an Bhiúró an 7 Márta 2022 maidir le Grúpa Oibre ad hoc Biúró um an Liúntas Caiteachais Ghinearálta (GEA) a chur ar bun, a bhfuil sé de chúram air meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an chinnidh ón mBiúró an 2 Iúil 2018 lena mbunaítear liosta speansas a fhéadfar a íoc ó GEA ar bhonn na taithí a fuarthas le linn an 9ú téarma parlaiminteach; á thabhairt faoi deara gur ghlac an Biúró, ag an gcruinniú a bhí aige an 17 Deireadh Fómhair 2022, sraith leasuithe ar na Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht na bhFeisirí (IMMS), lena soiléirítear na rialacha is infheidhme maidir le teidlíocht agus úsáid GEA agus bearta arb é is aidhm dóibh trédhearcacht a mhéadú agus deimhneacht dhlíthiúil níos mó a sholáthar maidir leis an teidlíocht ar an liúntas; á thabhairt chun suntais gur iarradh ar an Meitheal ad hoc aird chuí a thabhairt ar ghnéithe de thrédhearcacht, de chuntasacht agus de bhainistiú fónta airgeadais na gcistí a chuirtear ar fáil do na Feisirí, agus aird á tabhairt ar phrionsabal shaoirse agus neamhspleáchas an tsainordaithe pharlaimintigh agus ar an gcuspóir gan ualaí riaracháin neamhriachtanacha a chruthú d'Fheisirí, dá n-oifigí agus do sheirbhísí na Parlaiminte;

131. á chur i bhfios nach raibh ach 32 dhearbhú deonacha ann in 2022 maidir le húsáid GEA a thíolaic 26 Fheisire, a raibh tuarascáil iniúchóra i 29 gcinn díobh; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na Rúnaíochta FPEnna a spreagadh chun úsáid níos mó a bhaint as na roghanna sin;

132. á thabhairt chun suntais go bhfuil sé de shaoirse ag na Feisirí an úsáid a bhaineann siad as na cistí faoi GEA a dhoiciméadú, go mionsonraithe nó de réir cineáil costais, astu féin nó le tacaíocht ó iniúchóir seachtrach, agus go bhfoilseofaí an fhaisnéis sin go hiomlán nó go páirteach ar a leathanach ar líne ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte i gcomhréir le Riail 11, mír 2, de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa; á chur in iúl gur geal léi go ndéantar liosta simplithe de chineálacha costas a chomhtháthú in IMMS agus gur glacadh leasú freisin lena soiléirítear an deis atá ag na Feisirí úsáid a bhaint as GEA i gcás ina n-ídeofar lamháltais eile;

133. á mheabhrú go bhfuil sé de shainordú ag OLAF imscrúdú a dhéanamh ar amhras faoi mhí-iompar tromchúiseach ag foireann an Aontais agus ag comhaltaí d'institiúidí an Aontais, lena n-áirítear sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar an gCód Iompair d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa; ag tabhairt dá haire nach raibh aon chás ann in 2022 inar iarr OLAF rochtain ar oifigí nó ar chuntais ríomhphoist na bhFeisirí; ag tabhairt dá haire go bhféadfaí nós imeachta a chur i gcrích chun sainordú OLAF sa Pharlaimint a neartú i gcásanna ina bhfuil amhras a bhfuil bunús leo maidir le Feisirí aonair nuair atá géarghá leis agus nuair atá sé comhréireach don imscrúdú agus rúndacht á hurramú go hiomlán i gcomhréir le prionsabal na ndíolúintí mar a leagtar síos i bPrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh; ag athdhearbhú a hiarrata ar an mBiúró nós imeachta den sórt sin a chur ar bun gan mhoill;

134. ag tabhairt dá haire, in 2022, go ndearna OLAF imscrúdú ar 32 chás a bhain leis an bParlaimint maidir le saincheisteanna a bhaineann, go háirithe, le teidlíochtaí airgeadais agus sóisialta na bhFeisirí, le maoiniú struchtúr polaitiúil agus le comhlíonadh oibleagáidí gairmiúla ag an bhfoireann; á thabhairt chun suntais gur eisigh OLAF 14 thuarascáil, a raibh níos mó ná moladh amháin ag cuid acu, ar áiríodh i 5 cinn acu moltaí airgeadais, go raibh moltaí araíonachta san áireamh i 5 cinn acu, go raibh moltaí riaracháin ar áireamh i gceann amháin acu, agus nár áiríodh aon mholtaí i 7 gcinn díobh; ag tabhairt dá haire go ndearna Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) imscrúdú in 2022 ar 4 chás a bhain leis an bParlaimint maidir le saincheisteanna a bhaineann le teidlíochtaí airgeadais agus sóisialta na bhFeisirí, agus maidir le struchtúir pholaitiúla a mhaoiniú; ag tabhairt dá haire nár tugadh i gcrích aon cheann de na himscrúduithe a rinne OIPE in 2022 an bhliain chéanna; ag fiafraí ar an riarachán a mhéid is féidir de réir an dlí, cibé an ndearnadh na moltaí a rinne OLAF a chur chun feidhme go hiomlán agus na méideanna atá i mbaol a aisghabháil, agus á iarraidh go gcuirfí achoimre ar fáil, gan aon sonraí íogaire, ar thíopeolaíocht na gcásanna a imscrúdaíodh chun bheith in ann teacht ar chonclúidí agus feabhsuithe a dhéanamh;

135. ag tabhairt dá haire gur dhiúltaigh an Pharlaimint go córasach d'iarrataí OLAF cigireachtaí a dhéanamh ar oifigí na bhFeisirí agus rochtain a fháil ar a bhfreastalaithe leictreonacha agus ar a ngairis leictreonacha; á thabhairt chun suntais go ndéantar na Feisirí a chosaint le neamhdhliteanas i leith vótaí a chaitear agus tuairimí a chuirtear in iúl le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh agus le cosaint ar ionchúisimh agus srianta ar a saoirse phearsanta le linn sheisiúin na Parlaiminte; á mheabhrú nach féidir le OLAF dul isteach in oifigí na bhFeisirí ach amháin tar éis d'Uachtarán na Parlaiminte rochtain a dheonú tar éis iarraidh arna heisiúint ag údarás freagrach de chuid Ballstáit, breitheamh i bhformhór na gcásanna; á mheabhrú nach mór do OLAF na teorainneacha sin a urramú agus a dhualgais agus a imscrúduithe á gcomhlíonadh aige agus á chur i bhfáth nach féidir mí-iompar líomhnaithe a úsáid mar leithscéal chun rochtain dhíreach a iarraidh;

136. á chur in iúl gurbh oth léi, in ainneoin gur taifeadadh 25 shárú ar a laghad ag Feisirí ar an gCód Iompair le dhá bhliain déag anuas, nár fhorchuir Uachtaráin na Parlaiminte smachtbhanna airgeadais riamh ar Fheisire; á iarraidh ar an Uachtarán breithniú a dhéanamh ar smachtbhannaí airgeadais a fhorchur i gcás ina bhfuil sé cruthaithe go bhfuil an Cód Iompair sáraithe ag na Feisirí chun a áirithiú go mbeidh éifeacht dhíspreagthach ag na smachtbhannaí go hiarbhír;

137. ag tabhairt dá haire gur aisghabh Parlaimint na hEorpa an méid EUR 261 891 sa bhliain 2022 ó Fheisirí aonair maidir le líne bhuiséid ioncaim 3300 'Aisíoc méideanna a íocadh go mícheart'; ag tabhairt dá haire nach mbaineann cuid mhór den mhéid sin le liúntas cúnaimh pharlaimintigh; ag tabhairt dá haire, go ginearálta, gurb ionann méideanna arna n-aisghabháil ar líne bhuiséid ioncaim 3300 (ó FPEnna aonair ach freisin ó ghrúpaí polaitiúla/páirtithe/fondúireachtaí, ó thríú páirtithe, ón bhfoireann, ó dhaoine aonair eile, etc.) den chuid is mó agus aisghabhálacha teicniúla amhail tabhairt chun rialtachta na méideanna a caitheadh a bhaineann le conarthaí arna bhforbairt nó arna bhfoirceannadh agus i gcás tromlach mór nach mbaineann siad le CPCanna; á thabhairt faoi deara go n-áirítear sna méideanna sin freisin cásanna a bhaineann le haisíocaíochtaí deonacha ag líon teoranta Feisirí agus cás sonrach na gceartúchán, a bhí mar thoradh ar earráidí riaracháin i ríomhanna PE nó athrú aisghníomhach ar na rialacha i roinnt Ballstát agus frithláireamh; ag tabhairt dá haire go dtagann athruithe i dtéarmaí conarthaí agus aisghabhálacha gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ann tar éis oiriúnuithe bailíochtaithe ar théarmaí an chonartha a thagann faoin gcatagóir sin freisin;

An Ard-Stiúrthóireacht um Nuálaíocht agus um Thacaíocht Theicniúil

138. á mheabhrú go gcuireann an Ard-Stiúrthóireacht um Nuálaíocht agus um Thacaíocht Theicniúil (AS ITEC) seirbhísí agus trealamh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), físchomhdháil agus seirbhísí ilmheán ar fáil don Pharlaimint chomh maith le seirbhísí foilsitheoireachta agus priontála; ag tabhairt dá haire go raibh 543 bhall foirne ann faoin 31 Nollaig 2022, ar oifigigh iad 349 díobh, 53 ghníomhaire shealadacha agus 141 bhall foirne ar conradh;

139. ag tabhairt dá haire gurbh ionann leithreasuithe deiridh AS ITEC agus EUR 134 808 679 in 2022 arb ionann iad agus 6,2 % de bhuiséad na Parlaiminte; á thabhairt chun suntais gur gealladh, den mhéid sin, EUR 134 439 573 san iomlán; á chur in iúl gur geal léi an úsáid mhór a bhaintear as leithreasuithe;

140. á chur in iúl gur geal léi go ndéanann AS ITEC comhpháirtíocht le hArd-Stiúrthóireachtaí cliant, chun timpeallacht oibre atá dírithe ar an úsáideoir, slán, hibrideach agus sonraíbhunaithe a chur ar fáil do na Feisirí agus don fhoireann; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, an méid atá á cur chun cinn aici maidir le húsáid inbhuanaithe agus fhreagrach teicneolaíochtaí nuálacha amhail intleacht shaorga agus anailísíocht sonraí chun cumais chinnteoireachta sheirbhísí na Parlaiminte a fheabhsú;

141. ag meabhrú go bhfuil breisluach ag baint leis na saor-bhogearraí foinse oscailte chun an tslándáil a fheabhsú ós rud é gur féidir leis an bParlaimint laigí a shainaithint agus a réiteach, smacht a choinneáil ar na sonraí trí óstáil a dhéanamh ar a freastalaithe agus réitigh a dhearadh de réir a sonraíochtaí féin, agus ag an am céanna a bheith in ann éifeachtaí gaibhnithe díoltóirí a sheachaint; á mheabhrú nár cheart ach ardchaighdeáin cibearshlándála a bheith mar threoir do roghnú na mbogearraí a úsáidtear;

142. ag tabhairt dá haire go raibh gníomhaíochtaí cibearchosanta na Parlaiminte le sonrú go láidir i dtírdhreach cibear-bhagartha agus riosca atá ag dul i méid i gcónaí thart ar an bParlaimint agus ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais; á chur in iúl gur geal léi gur bhain CERT-EU úsáid as acmhainní breise chun an Pharlaimint a threorú i réimsí na bhfeidhmchlár néalbhonneagair, faisnéis maidir le cibearbhagairtí feabhsaithe agus faireachán 24/7 ar an imlíne slándála, chomh maith le sainaithint leochaileachta;

143. á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh an Stiúrthóireacht um Chibearshlándáil in 2022, atá freagrach as slándáil faisnéise agus ina bhfuil trí aonad, a dhéileálann le hoibríochtaí slándála, beartas slándála agus riosca slándála; ag tathant ar an bParlaimint leanúint dá hiarrachtaí agus a hinfheistíocht sa chibearshlándáil a mhéadú; á chur in iúl gur geal léi gur thairg AS ITEC an deis trealamh TF a sheiceáil le haghaidh fianaise ar earraí spiaireachta amhail PEGASUS, á iarraidh go leanfadh AS ITEC ag obair sa réimse sin;

144. ag tabhairt dá haire, tar éis úsáid mhéadaithe gairis iniompartha in 2022, gur eisigh AS ITEC staidéar domhanda chun feabhsuithe ar líonra Wi-Fi i bhfoirgnimh na Parlaiminte a phleanáil; ag tabhairt dá haire gur treisíodh foirgneamh SPAAK sa Bhruiséil in 2022 le himscaradh 351 aeróg bhreise; ag aithint na n-iarrachtaí a rinneadh chun feabhas a chur ar líonra Wi-Fi i bhfoirgnimh na Parlaiminte; á iarraidh go gcuirfí tuilleadh feabhais ar an líonra móibíleach i bhfoirgnimh na Parlaiminte in Strasbourg chun comhartha fón póca a fheabhsú;

145. á thabhairt chun suntais go bhfuil boilsciú domhanda mar aon le saincheisteanna sa slabhra soláthair ina chúis le méaduithe costais i réimsí ó chrua-earraí go seirbhísí gairmiúla; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil tosaíocht tugtha arís ag AS ITEC d'infheistíochtaí leanúnacha TF; á chur in iúl gur geal léi an timthriall rialachais TF nua agus níos tapúla mar chuid de chlár Agile TF AS ITEC;

146. ag tabhairt dá haire go raibh paindéim COVID-19 ina spreagadh do chlaochlú digiteach na Parlaiminte a bhfuil dlús tapa leis le blianta beaga anuas; á thabhairt chun suntais an t-aistriú chuig Parlaimint hibrideach ina bhfuil socruithe oibre atá go hiomlán solúbtha ó láithreacht fhisiciúil go dtí timpeallacht oibre atá go hiomlán digiteach; á chur in iúl gur geal léi an athléimneacht a léirigh an Pharlaimint i bhfianaise phaindéim COVID-19 agus gur thug sí freagairt thapa agus sholúbtha agus gur bhain sí tairbhe as infheistíochtaí a rinneadh roimhe seo sa digitiú;

147. á mheabhrú gur éiligh an pobal bodhar le fada an lá go bhféadfaí achainíocha a thíolacadh i dteangacha comharthaíochta náisiúnta a úsáidtear laistigh den Aontas; ag tabhairt dá haire go ndearnadh plé le linn chruinniú an Choiste um Achainíocha an 29/11/2023 agus an 19/03/2024, lenar tugadh aghaidh go sonrach ar Achainí 1056/2016, agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil an Pharlaimint tiomanta d'inrochtaineacht a fheabhsú gach saoránach Eorpach; á mheabhrú go gceanglaítear le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte go ndéanfar achainíocha a thíolacadh i scríbhinn; á iarraidh ar Riarachán na Parlaiminte na hathruithe is gá ar Thairseach na nAchainíocha a chur chun feidhme chun cur ar chumas Achainígh tacú lena n-achainí i scríbhinn le haistriú físe taifeadta i dteanga chomharthaíochta; ag spreagadh an Riaracháin cuireadh a thabhairt do gheallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear ionadaithe ón bpobal bodhar, ionchur agus aiseolas a sholáthar le linn an phróisis cur chun feidhme chun éifeachtacht agus cuimsitheacht na mbeart atá beartaithe a áirithiú;

148. á chur in iúl gur geal léi go gcuireann an Tairseach le haghaidh Síniú Digiteach ar chumas na bhFeisirí doiciméid a shíniú go digiteach, lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht, inrianaitheacht agus trédhearcacht na nósanna imeachta, ag tabhairt dá haire, gan beann ar an bhféidearthacht leasuithe iomlánacha sínithe a sheoladh chuig na seirbhísí iomlánacha trí ríomhphost nó trí thairseach aistrithe PE, go bhfuil síniú na leasuithe iomlánacha fós ina nós imeachta atá as dáta agus a bhfuil ualach ag baint leis; á iarraidh ar an mBiúró na bearta is gá a dhéanamh chun an deis a thabhairt do na Feisirí leasuithe iomlánacha a shíniú go digiteach amach anseo;

Ard-Stiúrthóireacht um Shlándáil agus Sábháilteacht

149. á mheabhrú go bhféachann an Ard-Stiúrthóireacht um Shlándáil agus Sábháilteacht (AS SAFE) le rioscaí agus bagairtí slándála don Pharlaimint agus dá Feisirí agus dá foireann a réamh-mheas, a chosc agus a mhaolú trí chur chuige rioscabhunaithe a úsáid lena gcuirtear san áireamh go cuí cineál daonlathach na hinstitiúide agus na luachanna a chumhdaítear inti, go háirithe oscailteacht agus trédhearcacht; ag tabhairt dá haire go raibh 882 bhall foirne ann faoin 31 Nollaig 2022, ar oifigigh iad 170 díobh, 22 ghníomhaire shealadacha agus 690 gníomhaire ar conradh;

150. ag tabhairt dá haire gurbh ionann leithreasuithe deiridh AS SAFE agus EUR 29 507 334 in 2022, arb ionann iad agus 1,4 % de bhuiséad na Parlaiminte; á thabhairt chun suntais gur gealladh, den mhéid sin, EUR 28 370 796 san iomlán; á chur in iúl gur geal léi an úsáid mhór a bhaintear as leithreasuithe;

151. á chur in iúl gur geal léi inmheánú na seirbhísí slándála ginearálta i Lucsamburg a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2022; á dheimhniú a dheacra atá sé foireann speisialaithe a mhealladh agus a earcú ó na Ballstáit go léir i réimse na slándála leis na coinníollacha a chuirtear ar fáil faoi ghrúpa feidhme I; ag meabhrú na staide ar leith i Lucsamburg, ina bhfuil an tuarastal a thairgtear sa ghrúpa feidhme sin níos ísle ná an t-íosphá idirghairmiúil náisiúnta, rud a chuireann iallach ar an bParlaimint dul i muinín cúiteamh sóisialta;

152. á chur i bhfios go bhfuil éileamh méadaithe ar AS SAFE seirbhísí slándála agus sábháilteachta breise agus eisceachtúla a sholáthar i ngach áit oibre le haghaidh líon méadaitheach imeachtaí ar mhórscála; ag aithint an dúshláin a chruthaíonn sé do sheirbhísí slándála na Parlaiminte, a bhfuil líon seasta gníomhairí acu, chun freagairt go dearfach do na riachtanais mhéadaitheacha sin;

153. á chur in iúl gur geal léi filleadh ar an ngnáthleibhéal cuairteoirí tar éis mhaolú na srianta a bhaineann le COVID in 2022; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh baol do shlándáil na Parlaiminte a bheith ag baint leis an easpa spáis sa Bhruiséil chun fáilte a chur roimh imeachtaí agus roimh rannpháirtithe comhdhála agus iad a chreidiúnú;

154. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá pleanáil chríochnúil chun tosaigh do thionscadail a bhaineann le hOifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa agus le hIonaid Europa Experience chun a bheith in ann meastachán cúramach a dhéanamh ar speansais le haghaidh seirbhísí agus trealamh slándála agus sábháilteachta;

Saincheisteanna cothrománacha a bhfuil impleachtaí acu ar bhuiséad na Parlaiminte don bhliain airgeadais 2022

Ciapadh

155. á chur in iúl gur geal léi beartas na Parlaiminte maidir le neamhfhulaingt ar chiapadh agus na feachtais múscailte feasachta a cuireadh i gcrích; á chur i bhfáth go bhféachann an Cód Iompair Iomchuí d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa lena áirithiú go n-iompraíonn na Feisirí iad féin i leith gach duine atá ag obair sa Pharlaimint le dínit, cúirtéis agus urraim agus gan dochar ná idirdhealú; á mheabhrú gur ghlac 56 FPE páirt sa seisiún oiliúna in 2022; ag tabhairt dá haire, ó mhí na Samhna 2018, nuair a cuireadh na chéad seisiúin ar fáil, go raibh 324 Fheisire reatha ***(46 %)*** rannpháirteach sa seisiún oiliúna, móide 56 iar-Fheisirí a bhfuil deireadh tagtha lena sainordú; ag tabhairt dá haire go raibh 106 ball foirne agus CPCanna rannpháirteach i gcúrsaí oiliúna frithchiaptha in 2022; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil cásanna ciaptha fós ag tarlú gan beann ar na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh chun deireadh a chur le ciapadh san áit oibre;

156. á mheabhrú, sna urscaoilte a bhí ann roimhe sin, gur iarradh go ndéanfaí cúrsaí oiliúna éigeantacha frithchiaptha a chur chun feidhme do na Feisirí agus na CPCanna go léir, chomh maith leis na baill foirne, lena n-áirítear daoine i róil bhainistíochta sna hArd-Stiúrthóireachtaí éagsúla agus sna grúpaí polaitiúla éagsúla; á aithint, chun cabhrú le timpeallacht oibre níos fearr a thógáil i bParlaimint na hEorpa agus chun aon mhí-úsáid cumhachta a sheachaint, an 10 Iúil 2023, gur fhormheas an Biúró tuilleadh coincheap oiliúna maidir le bainistiú rathúil foirne chomh maith le ciapadh a chosc; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Bhiúró an seisiún oiliúna frithchiaptha a dhéanamh éigeantach do na comhaltaí uile chomh maith le Cinn Aonaid, Stiúrthóirí agus Ard-Stiúrthóirí;

157. á thabhairt chun suntais gur cheart oiliúint éigeantach frithchiaptha a bheith ann do chomhaltaí, do CPCanna agus do bhaill foirne agus go gcuirfí oiliúint speisialta ar gach ball foirne, lena n-áirítear pearsanra leighis a bhfuil ról acu i nósanna imeachta frithchiaptha, maidir leis na nósanna imeachta sin;

158. á thabhairt chun suntais go bhfuair an Coiste Comhairleach um Chiapadh agus um Chosc san Ionad Oibre dhá ghearán in 2022, a thaisc beirt oiliúnaithe; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go ndeachaigh ball foirne amháin i dteagmháil leis an gcoiste le haghaidh comhairliúcháin;

159. á thabhairt chun suntais go bhfuil sainordú ag an gCoiste Comhairleach a dhéileálann le gearáin faoi chiapadh a bhaineann le Feisirí scrúdú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le ciapadh síceolaíoch nó gnéasach i gcoinne Feisirí ó gach catagóir foirne, lena n-áirítear CPCanna, oiliúnaithe, saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus foireann na ngrúpaí polaitiúla; ag tabhairt dá haire gur ghlac an Biúró roinnt leasuithe breise ar na rialacha maidir le feidhmiú an choiste chomhairligh a dhéileálann le gearáin chiaptha a bhaineann leis na Feisirí an 20 Samhain 2023, d'fhonn beartais frithchiaptha na Parlaiminte a threisiú tuilleadh; á iarraidh an athuair go ndéanfadh an Biúró saineolaithe neamhspleácha ar shaincheisteanna ciaptha a áireamh sa dá choiste comhairleach chun cabhrú lena gcuid dualgas a chomhlíonadh;

160. á chur i bhfáth nach bhfuil ciapadh gnéasach ná síceolaíoch inghlactha in imthosca ar bith; á mheabhrú gur éirigh leis an bParlaimint roinnt pointí teagmhála a shuiteáil chun déileáil le cásanna ciaptha, amhail an Coiste Comhairleach a dhéileálann le gearáin chiaptha a bhaineann le Feisirí, agus an Coiste Comhairleach um chiapadh agus a chosc san ionad oibre chomh maith le comhairleoirí rúnda; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an méid a tháinig chun solais sna meáin maidir le gnéaschiapadh líomhnaithe ag Feisire ó shamhradh 2022 gan beart a bheith déanta ina leith; á mheabhrú go moltar go láidir do na grúpaí polaitiúla uile cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann a thuairisciú do na coistí sin agus go n-eascraíonn as struchtúir sheachtracha a bhfuil an cuspóir céanna acu dul timpeall ar phrótacal frithchiaptha na Parlaiminte agus córas dhá shraith a bhunú; á chur i bhfios go láidir go mbíonn éiginnteacht thromchúiseach ann d'íospartaigh mar thoradh air sin agus go mbunaíonn sé rialacha éagsúla do pháirtithe polaitiúla éagsúla;

161. ag tabhairt dá haire gur lorg 13 bhall foirne (i gcomparáid le 9 in 2021) cúnamh ón institiúid in 2022 de bhun Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne; ag tabhairt dá haire gur bhain 6 cinn de na cásanna (i gcomparáid le 5 in 2021) le ciapadh líomhnaithe; á thabhairt chun suntais nach raibh aon duine de na baill foirne lena mbaineann ina n-oifigigh agus gur CPCanna nó iar-CPCanna iad an seisear ar fad;

162. á mheas gur cheart ciapadh an chúntóra pharlaimintigh ag cúntóirí parlaiminteacha eile nó ag oifigigh eile de chuid na Parlaiminte a chur i gcuntas freisin;

Sceithirí eolais

163. á mheabhrú go bhfuil sé d'oibleagáid ar bhaill foirne institiúidí an Aontais aon fhaisnéis a thuairisciú a léiríonn éilliú, calaois agus neamhrialtachtaí tromchúiseacha eile a aimsíonn siad agus iad i mbun dualgais; ag tabhairt dá haire gur thaifead an Pharlaimint cás sceithireachta amháin in 2022; á chur in iúl gur geal léi an obair leanúnach atá á déanamh in 2022 chun nuashonrú a dhéanamh ar na Rialacha Inmheánacha lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 22(c) de na Rialacháin Foirne an 4 Nollaig 2015 le rialacha inmheánacha níos cuimsithí agus níos mionsonraithe; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh cinneadh ón mBiúró maidir leis na rialacha inmheánacha i ndáil le sceithireacht an 20 Samhain 2023 agus feidhm aige ón 1 Nollaig 2023; lena n-áirítear forálacha maidir le sceithirí a chosaint, fianaise a tharchur chuig OLAF agus, i gcás inarb iomchuí, OIPE chomh maith le spriocdhátaí chun gearáin a láimhseáil;

164. Tar éis Fhógra Uimh. 18/2023 ón mBiúró maidir leis na Rialacha Inmheánacha i ndáil le sceithireacht agus na hoibleagáidí a chuirtear ar CPCanna agus ar bhaill foirne aon sáruithe a thuairisciú, tá sé ríthábhachtach go mbeadh oibleagáid ar gach seirbhís laistigh den Pharlaimint aon fhaisnéis atá acu maidir le calaois, sáruithe ar rialacha airgeadais, nó aon iompar a sháraíonn cód eiticiúil na Parlaiminte a thuairisciú. Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le gach faisnéis den sórt sin, gan beann ar a rúndacht, agus ba cheart í a thuairisciú don tseirbhís ábhartha laistigh den Pharlaimint;

Ciste Pinsin Deonach (VPF)

165. ag tabhairt dá haire gurbh ionann easnamh achtúireach an Chiste Pinsin Dheonaigh (VPF) an 31 Nollaig 2021 agus EUR 379 milliún (i gcomparáid le EUR 371,4 milliún an 31 Nollaig 2020); á chur in iúl gur geal léi na leasuithe a rinne Biúró na Parlaiminte ar Airteagal 76 de IMMS maidir leis an Scéim Pinsin Bhreise (Deonach), a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2023, arb é is aidhm di oibleagáidí pinsin sa todhchaí a laghdú ó EUR 362,7 milliún go EUR 139 milliún measta, agus easnamh achtúireach an chiste ó EUR 310 milliún go EUR 86 mhilliún measta;

166. á chur in iúl gur geal léi na cinntí is déanaí a rinne an Biúró; á mheabhrú go mbeidh gá fós aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb amach anseo toisc go bhfuiltear ag dréim leis go n-ídeoidh an ciste a shócmhainní faoi 2027 ar a dhéanaí; ag aithint nach bhfuil an Pharlaimint rannpháirteach i mbainistiú phunann infheistíochta VPF; ach á iarraidh ar bhainisteoir an Chiste measúnú cuí a dhéanamh ar an riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint le clú a chuid infheistíochtaí; ag tabhairt dá haire go ndearnadh measúnú dlíthiúil ar na breithiúnais is déanaí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ar a n-iarmhairtí ar chinntí a dhéanfar amach anseo ón mBiúró a chur ar fáil freisin do Chomhaltaí an Bhiúró chun go mbeidh siad in ann cinneadh eolasach a dhéanamh; ag tabhairt dá haire go bhfuil achomhairc leanúnacha ar siúl i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus go mbeidh gá aghaidh a thabhairt ar an ábhar arís tar éis na breithiúnais a thabhairt;

167. á iarraidh ar an riarachán agus ar an mBiúró aghaidh a thabhairt ar an ábhar arís go dtí go ndéanfar measúnú dlíthiúil CBAE a sheachadadh chun todhchaí VPF a mheas;

Tuarascáil bhliantúil ar chonarthaí a dámhadh

168. á mheabhrú go sonraítear sa Rialachán Airgeadais an fhaisnéis atá le soláthar don údarás buiséadach agus don phobal maidir le dámhachtain conarthaí ag an bParlaimint; ag tabhairt dá haire go gceanglaítear leis an Rialachán Airgeadais go bhfoilseofaí conarthaí a dhámhtar ar mó a luach ná EUR 15 000, luach a chomhfhreagraíonn don tairseach a mbeidh nós imeachta iomaíoch tairisceana éigeantach os a cionn; ag tabhairt dá haire, as 194 chonradh san iomlán a dámhadh in 2022, go raibh 63 chonradh bunaithe ar nós imeachta oscailte, ar luach EUR 359,3 milliún, agus 1 ar nós imeachta srianta, ar luach EUR 460 000; ag tabhairt dá haire gur dámhadh 126 chonradh trí nósanna imeachta idirbheartaithe, ar luach EUR 48 milliún;

169. ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú ar mhéid iomlán na gconarthaí a dámhadh in 2022 (194) i gcomparáid le 2021 (221); ag cur sonrú sa laghdú suntasach ar na méideanna conarthacha, arbh ionann é agus EUR 410 milliún in 2022, i gcomparáid le EUR 1 016 mhilliún in 2021;

170. ag tabhairt dá haire go léirítear mar seo a leanas an miondealú ar chonarthaí de réir cineáil a dámhadh in 2022 agus in 2021, lena n-áirítear conarthaí tógála:

Cineál conartha	2021		2022	
	Líon	Céatadán (%)	Líon	Céatadán (%)
Foirgnimh	8	3,6	2	1
Seirbhísí	176	79,6	169	87
Soláthairtí	27	12,2	17	9
Oibreacha	10	4,5	6	3
Iomlán	**221**	**100**	**194**	**100**

Cineál conartha	2021		2022	
	Méid	Céatadán (%)	Méid	Céatadán (%)
Foirgnimh	168 302 638	17	27 804 776	7
Seirbhísí	634 689 038	62	283 779 269	69
Soláthairtí	136 777 513	13	47 817 885	12
Oibreacha	76 247 759	8	50 642 975	12
Iomlán	**1 016 016 948**	**100**	**410 044 905**	**100**

171. ag cur sonrú sa mhiondealú seo a leanas ar chonarthaí a dámhadh in 2022 agus 2021 de réir an chineáil nós imeachta a úsáideadh, i dtéarmaí líon agus luach:

Cineál nós imeachta	2021		2022	
	Líon	Céatadán (%)	Líon	Céatadán (%)
Nós imeachta oscailte	78	35	63	32,5
Nós Imeachta Idirbheartaithe	135	61	126	65
Nós Imeachta Srianta	2	1	1	0,5
Eisceacht	2	1	1	0,5
Liosta CEI	2	1	1	0,5
DPS	1	0,5	0	0
Comhpháirtíocht nuálaíochta	0	0	0	0
OP Luathaithe	1	0,5	1	0,5
Comórtais dearaí	0	0	1	0,5
Iomlán	**221**	**100**	**194**	**100**

Grúpaí polaitiúla (mír bhuiséid 400)

172. ag tabhairt dá haire gur úsáideadh, in 2022, na leithreasuithe a iontráladh faoi mhír bhuiséid 400, a sannadh do na grúpaí polaitiúla agus do na Feisirí neamhcheangailte, mar seo a leanas ([8]):

Grúpa	2022					2021				
	Leithreasuithe bliantúla	Acmhainní dílse agus leithreasuithe a tugadh anonn	Caiteachas	Ráta úsáide na leithreasuithe bliantúla (%)	Méideanna a thugtar anonn go dtí an chéad tréimhse eile	Leithreasuithe bliantúla	Acmhainní dílse agus leithreasuithe a tugadh anonn	Caiteachas	Ráta úsáide na leithreasuithe bliantúla (%)	Méideanna a thugtar anonn go dtí an chéad tréimhse eile
Páirtí an Phobail Eorpaigh (PPE)	16 739	12 640	18 651	111,42	10 729	16 750	10 229	13 646	81,47	12 562
Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe (S&D)	13 804	10 258	15 016	108,78	9 046	13 584	9 829	12 295	90,51	10 188
Grúpa Renew Europe (iar-Chomhghuaillíocht na Liobrálaithe agus na nDaonlathaithe don Eoraip (ALDE))	9 799	6 950	11 384	116,18	5 365	9 192	6 948	6 997	76,12	6 894
Na Glasaigh/An tSaor-Chomhghuaillíocht Eorpach (Glasaigh/SCE)	6 941	5 196	7 964	114,74	4 173	6 927	4 891	6 126	88,43	5 196
Féiniúlacht agus Daonlathas (ID)	6 348	5 157	6 958	109,61	4 547	6 874	4 762	5 940	86,42	5 155
Coimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa (ECR)	6 184	3 847	6 960	112,55	3 071	6 005	3 982	6 269	104,39	3 718
An Chlé Aontaithe Eorpach/an Chlé Ghlas Nordach (GUE/NGL)	3 858	2 036	4 498	116,59	1 396	3 806	2 266	4 036	106,05	2 036
Feisirí Neamhcheangailte	2 326	861	994	42,72	1 520	1 862	1 041	595	31,94	861
Iomlán	**66 000**	**46 945**	**72 426**	**109,74 %**	**39 846**	**65 000**	**43 948**	**55 904**	**86,01**	**46 611**

([8]) Gach méid i mílte EUR.

173. á chur in iúl gur geal léi nár eisigh iniúchóirí seachtracha neamhspleácha do na grúpaí polaitiúla ach tuairimí neamhcháilithe don bhliain airgeadais 2022;

174. á mheabhrú go bhfuil sé beartaithe leis na leithreasuithe sin gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí polaitiúla an Aontais a chumhdach, agus go bhfuil grúpaí polaitiúla freagrach don Pharlaimint as a n-úsáid;

Páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha

175. ag tabhairt dá haire, in 2022, gur thug an tÚdarás an ceart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha éisteacht a fháil chomh maith leis an deis chun bearta ceartaitheacha a dhéanamh i 9 gcás; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur cásanna iad sin a bhaineann le ceanglais tuairiscithe, le rialacha a bhaineann le hioncam agus le gníomhaíochtaí comhpháirteacha; á thabhairt chun suntais go dtugtar le fios le grinnscrúdú luath an Údaráis gur chuir na páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha lena mbaineann na bearta ceartaitheacha a bhí ábhartha láithreach chun feidhme láithreach sna cásanna sin go léir; ag tabhairt dá haire go leanfaidh an tÚdarás d'fhaireachán a dhéanamh go n-áiritheofar comhlíonadh marthanach sna réimsí lena mbaineann le bearta ceartaitheacha a mbeidh éifeacht fhadtéarmach acu; á chur in iúl gur geal léi nárbh éigean aon smachtbhannaí a ghlacadh in 2022;

176. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil líonraí comhair á bhfeabhsú go gníomhach ag an Údarás mar ullmhúchán do thoghcháin Eorpacha 2024 trí fhéachaint ar chomhpháirtíochtaí breise chun an tsláine dhaonlathach a chosaint;

177. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go dtuairiscíonn an tÚdarás go bhfuil acmhainní daonna srianta le sárú aige; á thabhairt chun suntais go meastar go mbeidh an tsaincheist sin níos práinní mar gheall ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn roimh thoghcháin Eorpacha 2024, lena n-áirítear, go háirithe, an gá atá leis an tsláine dhaonlathach a chosaint ar chineálacha nua trasnaíochta eachtraí, chomh maith le cur chun feidhme riaracháin riachtanach aon chúraimí nua a thiocfadh chun cinn don Údarás ó na caibidlíochtaí leanúnacha maidir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a athmhúnlú;

178. á mheabhrú go bhfuil ról lárnach ag daonlathas Eorpach bríomhar agus athléimneach a bhfuil iolrachas páirtithe polaitiúla ar leibhéal an Aontais mar bhonn agus mar thaca leis; ag cur béim ar an bhfíoras, dá bhrí sin, nach mór cothrom na Féinne a áirithiú agus gur gá comhlíonadh a rialú agus lánurraim á tabhairt do chearta nós imeachta; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, obair bhunriachtanach an Údaráis, a áirithíonn, go neamhspleách agus i ndlúthchomhar leis an bParlaimint, go gcomhlíonann páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha an creat dlíthiúil, go soláthraíonn sé trédhearcacht do na saoránaigh agus go rannchuidíonn sé le sláine thoghcháin na Parlaiminte;

179. ag tabhairt dá haire gur úsáideadh na leithreasuithe a iontráladh faoi mhír bhuiséid 4 0 2 in 2022 mar seo a leanas ([9]):

Páirtí (2022)	Giorrúchán	Acmhainní dílse	Ranníocaíocht deiridh na Parlaiminte ([1])	Ioncam iomlán	Ranníocaíocht na Parlaiminte mar % den chaiteachas inaisíoctha (uasmhéid 90 %)	Barrachas ioncaim (aistriú chuig cúlchiste nó caillteanas)
Páirtí an Phobail Eorpaigh	PPE	1 655 732	10 720 235	12 375 967	90	448 128
Páirtí na Sóisialaithe Eorpacha	PES	1 010 502	7 204 815	8 215 317	90	675 194
Páirtí Chomhghuaillíocht na Liobrálaithe agus na nDaonlathaithe don Eoraip	ALDE	1 177 316	6 448 482	7 625 798	90	560 139
Páirtí Glas na hEorpa	PGE	661 160	5 384 834	6 045 994	90	846 993
Páirtí na hEite Clé Eorpaí	EL	290 086	2 336 264	2 626 350	90	40 396
An Páirtí Daonlathach Eorpach	PDE	176 754	1 257 070	1 433 824	90	127 134
An tSaor-Chomhghuaillíocht Eorpach	SCE	112 712	928 957	1 041 669	90	100 217
Coimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa	an Páirtí ECR	515 571	1 958 597	2 474 168	90	-
Gluaiseacht Pholaitiúil Chríostaí na hEorpa	ECPM	72 331	615 809	688 140	90	-

([9]) Gach méid i mílte EUR.

Páirtí (2022)	Giorrúchán	Acmhainní dílse	Ranníocaíocht deiridh na Parlaiminte [1]	Ioncam iomlán	Ranníocaíocht na Parlaiminte mar % den chaiteachas inaisíoctha (uasmhéid 90 %)	Barrachas ioncaim (aistriú chuig cúlchiste nó caillteanas)
Páirtí na Féiniúlachta agus an Daonlathais	an Páirtí ID	331 742	618 311	950 053	74	-
IOMLÁN		**6 003 906**	**37 473 375**	**43 477 281**		**2 798 201**

[1] Tá sé comhdhéanta den dara cuid de chistiú deiridh 2021 agus den chéad chuid de chistiú deiridh 2022 i gcomhréir le Cinneadh ón mBiúró an 26 Feabhra 2024.

180. ag tabhairt dá haire gur úsáideadh na leithreasuithe a iontráladh faoi mhír bhuiséid 4 0 3 in 2022 mar seo a leanas ([10]):

Fondúireacht (2022)	Giorrúchán	Cleamhnaithe le páirtí	Acmhainní dílse	Deontas deiridh PE	Ioncam iomlán	Deontas PE mar % de na costais incháilithe (uasmhéid 95 %)	Barrachas ioncaim (aistriú chuig cúlchiste nó caillteanas)
Ionad Léann Eorpach Wilfried Martens	WMCES	PPE	643 606	5 963 141	6 606 747	95,00	235 689
An Fhondúireacht um an Staidéar Forásach Eorpach	FEPS	PES	613 626	4 959 360	5 572 986	95,00	288 687
An Fóram Liobrálach Eorpach	ELF	ALDE	306 991	2 636 977	2 943 968	91,06	-
An Fhondúireacht Ghlas Eorpach	GEF	PGE	182 933	2 088 792	2 271 726	95,00	-
An Eoraip a Chlaochlú	TE	EL	77 965	1 191 366	1 269 331	95,00	3 696
Institiúid na nDaonlathaithe Eorpacha	IED	PDE	42 791	502 109	544 899	95,00	-
Fondúireacht Coppieters	Coppieters	SCE	77 009	561 149	638 158	95,00	23 981
New Direction – An Fhondúireacht um Athchóiriú na hEorpa	ND	an Páirtí ECR	384 557	2 052 425	2 436 982	92,97	-
Sallux	SALLUX	ECPM	21 233	401 927	423 160	94,98	-
Association pour l'Identite et Democratie Fondation	Fondúireacht ID	an Páirtí ID	46 893	577 027	623 920	95,00	-
Iomlán			**2 397 604**	**20 934 273**	**23 331 877**		**552 053**

[10] Gach méid i mílte EUR.